# An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Tuarascáil Bhliantúil 2018

# Clár Ábhar


**Achoimre Fheidhmeach** **i**

**1 Caiteachas Poiblí a Bhainistiú** **1**

1.1. An Próiseas Meastóireachta a Bhainistiú 1
1.2. Seirbhís Gheilleagair & Mheastóireachta Rialtas na hÉireann 2
1.3. Cuntasaíocht Rialtais 3

**2 An Bhainistíocht Airgeadais agus Beartais Earnála** **5**

2.1. Bainistíocht Caiteachais Vótáilte 5
2.2. Beartais Caiteachais Earnála 5
2.3. Bainistíocht Caiteachais Caipitil 7

**3 Breatimeacht agus an Comhoibriú Idirnáisiúnta** **9**

3.1. Breatimeacht 9
3.2. Comhordú AE agus Thuaidh Theas 9
3.3. Cláir Cistí Struchtúracha AE 2014-2020 9
3.4. Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF) 10

**4 Caidreamh Tionsclaíoch, Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí** **12**

4.1. Comhaontú Cobhsaíocht na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 12
4.2. An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí – Céim 2 13
4.3. An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir) 2018 13
4.4. An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair 14

**5 Athnuachan na Státseirbhíse** **15**

5.1. Plean Athnuachana na Státseirbhíse 15
5.2. Plean Athnuachana na Státseirbhíse, 2017-2020 16
5.2.1. Bí mar Rogha Fostóra 16
5.2.2. Fórsa Oibre don Todhchaí a Thógáil 17
5.2.3. Bainisteoirí a chruthú, a thacú agus luach a chur leo mar Fhorbróirí Daoine 18
5.2.4. Acmhainní Daonna a aistriú ina Thiománaí Straitéise 20
5.3. Saoire Bhreoiteachta sa tSeirbhís Poiblí 21

**6 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí** **22**

6.1. Ár Seirbhís Poiblí 2020 22
6.2. An Oscailteacht, An Trédhearcacht agus An Chuntasacht 24
6.3. Bearta Reachtaíochta agus Bearta Rialachais Phoiblí 25

**7 An Rialtas Digiteach** **28**

7.1. Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) 28
7.2. Príomhéachtaí Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí 2018 29

7.2.1. Tógáil le Comhroinnt 29
7.2.2. Digiteach chun Tosaigh 30
7.2.3. Sonraí mar Chumasóir 30
7.2.4. Rialachas a Fheabhsú 31
7.2.5. Cumas Méadaithe 31
7.3. Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais 2017 - 2020 31
7.4. Seirbhís na Seirbhíse Poiblí um Shonraí 2019 - 2023 32
7.5. Teagmháil ag Leibhéal an AE & ag an Leibhéal Idirnáisiúnta 32

**8 An Soláthar Poiblí 34**

8.1. Athchóiriú ar an Soláthar Poiblí 34
8.2. Creata um Sholáthar don Earnáil Phoiblí 34
8.3. An Chaiteachas ar Sheirbhísí Poiblí agus ar an Anailís ar Thairiscintí 35
8.4. Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 35
8.5. Úsáid bhreise a bhaint as an Teicneolaíocht Dhigiteach 36
8.6. Clár um Shonrascadh Leictreonach 36
8.7. Straitéis an OGP um Pearsanra 37

**9 Ag Tacú lenár mBaill Foirne le Cuidiú leo a Misean a Bhaint Amach 39**

9.1. An Straitéis um People@PER 39
9.2. Páirtíocht Ghnó AD 39
9.3. Oibríochtaí AD 40
9.4. An Fhorbairt Eagraíochtúil 40
9.5. An Bhainistíocht Chorparáideach 40
9.6. Iniúchadh AE agus Inmheánach 41
9.7. Oifig an Phríomhoifigigh Leighis 41

# Achoimre Fheidhmeach

## An Caiteachas Poiblí a Bhainistiú

In 2018 lean Éire ag feidhmiú faoi géag choisctheach an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Fáis. I Mí an Mheithimh, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, d'eagraigh an Roinn An Comhphlé Náisiúnta ar an gGeilleagar, chun plé oscailte agus cuimsitheach a éascú ar na tosaíochtaí iomaíocha geilleagracha agus sóisialta roimh an gCáinaisnéis. Foilsíodh Ráiteas ar an nGeilleagar an tSamhraidh níos déanaí an mhí chéanna i gcomhar leis an Roinn Airgeadais. Tháinig an Tuarascáil ar Chaiteachas ag Lár na Bliana sna sála ar seo i mí Iúil. Is mar phointe tosaigh atá na tuarascálacha seo le haghaidh an chur agus cúitimh a dhéantar ar an gcáinaisnéis san Oireachtas agus leagtar amach ann teorainneacha bunlíne caiteachais don mheántéarma.

In 2017, thionscain an Roinn an chéad cheann d'Athbhreithnithe Caiteachais, ina gcuimsítear caiteachas iomlán an Rialtais thar thréimhse trí bliana go dtí 2019. Tá breis is 50 páipéar anailíseacha foilsithe sa chéad dhá bhliain den phróiseas. Tá an anailís seo tar éis cur le bonn fianaise láidir chun cur leis an gceapadh beartais sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma araon. I rith 2018, leanadh leis an obair chun an tionscadal um buiséadú ardfheidhmíochta maidir le leithdháileadh acmhainní agus cinnteoireacht a dhaingniú.

D'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Chaiteachais 2019 ar Lá Buiséid (9 Deireadh Fómhair). Rinne sé maoirseacht ar ollchaiteachas reatha ag Ranna de díreach os cionn €57 milliún in 2018, agus b'ionann sin agus méadú bliain ar bhliain de €3 billiún nó 5.7% thar tháirgeacht 2017, rud a léiríonn tiomantas an Rialtais don soláthar seirbhísí poiblí atá éifeachtach agus éifeachtúil. Tríd is tríd, rinne an Roinn bainistíocht ar chaiteachas Vótáilte de réir an méid a leagadh amach i dTuarascáil Chaiteachais 2018 agus lean ar aghaidh leis na tionscnaimh um Buiséadú Feidhmíochta agus Buiséadú Comhionannais a chur ar aghaidh chomh maith.
.

Rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas caipitil ag Ranna dar suim €5.9 billiún in 2018, is é sin méadú bliain ar bhliain de bheagnach €1.3 billiún, nó 28%, ar tháirgeacht €4.6 billiún 2017, rud a léiríonn tiomantas an Rialtais chun caiteachas caipitil a mhéadú ar aon dul leis an bPlean Forbartha Náisiúnta.

Éire 2040 An Tionscadal - an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) agus an Creatlach um Pleanáil Náisiúnta - sheol an Rialtas iad ar an 16 Feabhra 2018. Go dtí seo, tá Éire 2040 An Tionscadal ag baint amach naisc iompair feabhsaithe, agus ag géilliúil torthaí sláinte agus comhshaoil chomh maith le haschur níos fearr maidir leis an tithíocht cheanna féin. Cuireadh roinnt struchtúr príomha i gcrích in 2018 chun deimhniú go gcuirfear Éire 2040 An Tionscadal i bhfeidhm ar bhonn comhordanáideach tráthúil. Áirítear leo siúd Bord Seachadta Ardleibhéil d'Ard-Rúnaithe, Oifig um Thionscadail agus Cláir Infheistithe sa Roinn, Grúpa um an Earnáil Tógála, agus rianaire uasdátaithe ar Thionscadail Chaipitil ar foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair le roinnt rannóga rialtais chun príomhcheisteanna polasaí caiteachais san earnáil a thacú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear, mar shampla: Tithíocht agus Uisce; Gníomhaireacht ar an Aeráid; agus obair maidir leis Earnáil Chirt. Tá roinnt sonraí maidir leis seo leagtha amach sa tuarascáil.

## Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

Chuaigh an Roinn i ngleic go gníomhach leis na ceisteanna a thagann chun cinn mar thoradh ar an mBreatimeacht, agus thacaigh siad leis an Aire ina cháilíocht mar bhall den

Choiste Comh-Aireachta um an AE agus Breatimeacht agus chuir an Roinn leis an obair a dhéanann an Grúpa Idir-Rannach um an AE agus Breatimeacht. Leanfar ar aghaidh leis seo a bheith ina phríomhábhar don Roinn.

### Polasaí Comhtháthaithe agus Cistí Struchtúracha

Lean an Roinn ar aghaidh ag déanamh maoirseacht ar Chlár Cistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh (ERDF) 2014-2020 (Ar an meán is €133 milliún an méid atá faighte go dtí seo ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa). Chuaigh an Córas Ríomh-Chomhtháthú TFC atá ina riachtanas rialála de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh cistí áirithe de chuid an AE go hiomlán beo le linn 2018. Chuir an Roinn le forbairt polasaí an AE freisin ar Pholasaí Comhtháthaithe iar-2020. Ó d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a chuid moltaí reachtaíochta i leith, tá comhairlí tar éis a bheith ag leanúint ar aghaidh ag leibhéal an Ghrúpa Oibre agus an leibhéal Aireachta araon agus tá seasamh na Comhairle maidir leis an bpacáiste móriomlán fós ag seasamh amach le bheith críochnaithe.

### Caidreamh Tionsclaíoch, Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí

Príomhfhócas de chuid na Roinne sa bhliain 2018 ba ea Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 a idirphlé agus dul ar aghaidh le costas pá sa tseirbhís phoiblí agus an bille pinsin a bhainistiú ar bhonn inmharthana agus chun cúrsaí a choinneáil socair sa chaidreamh tionsclaíoch sa tseirbhís phoiblí.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí (PSPC) a dhara tuarascáil i mí Lúnasa 2018 maidir leis an Altranas agus an Cnáimhseachais, Dochtúirí Ospidéil Neamhchomhairleacha agus Dochtúirí Ospidéil Comhairleacha (modúl 1) agus táthar tar éis tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna earcaíochta agus coinneála in earnálacha áirithe eile den tSeirbhís Poiblí (modúl 2).

Áirítear le forbairtí suntasacha eile in 2018 an dul chun cinn atá déanta ar an Tionscadal um Riar na Scéime Aonair Phinsin sa tSeirbhís Poiblí agus achtachán an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir) 2018, lena dtugtar éifeacht d'aois éigeantach scoir go 70 do státseirbhísigh a earcaíodh roimh an 1 Aibreán 2004.

### Athnuachan na Státseirbhíse

Lean an Roinn ar aghaidh ag Chomhordú chur i bhfeidhm Chlár Athnuachana na Státseirbhíse, a ndéanann Bord Bainistíochta na Státseirbhíse maoirseacht air. Anuas ar an chlár athnuachana go léir a chomhordú, tá freagracht ar an Roinn chomh maith as tionscadail athnuachana ar leith a chur i gcrích agus tá sonraí maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir leosan sa chuid lárnach den Tuarascáil Bhliantúil. Is éard ar a raibh an béim le linn 2018 ná an dul chun cinn atá bainte amach ar ghníomhaíochtaí athnuachana ar fud na Státseirbhíse a dhaingniú agus a neartú.

### Straitéis um Pearsanra na Státseirbhíse

Ar aon dul le Plean Athnuachana na Státseirbhíse, lean an Roinn ar aghaidh, i gcomhar leis an Earnáil Acmhainní Daonra níos leithne sa Státseirbhís, ag cur an Straitéis do Dhaoine sa Státseirbhís 2017-2020 i bhfeidhm i rith 2018. Is é is aidhm leis an Straitéis ná seirbhísí poiblí de chaighdeán níos airde, atá níos éifeachtaí, a chur ar fáil don Stát agus dá shaoránaigh trí Acmhainní Daonna a chur chun cinn go straitéiseach ionas gur féidir trí chlár tosaíochta a sholáthar: Bí mar Rogha Fostóra, Fórsa Oibre na Todhchaí a Thógáil; agus Bainisteoirí a Chruthú, a Thógáil agus Luach a chur leo mar Fhorbróirí Daoine. Fágfar le forfheidhmiú Straitéis um Pearsanra go mbeidh cultúr freagrachta feabhsaithe i bhfeidhm do bhainisteoirí, chomh maith le inniúlacht feabhsaithe an fhórsa oibre, leibhéil idirchaidrimh agus feidhmiúcháin ardaithe ar fud na Státseirbhíse. Cuirfear leis an leathadh amach trí na

sonraí cearta a ghabháil agus iad a úsáid i gceart sa bhealach is éifeachtúla chun cinnteoireacht feabhsaithe a bhaint amach.

### Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Tháinig Ár Seirbhís Phoiblí 2020, an chreatlach athnuaithe agus athchóirithe chun an tSeirbhís Poiblí a athchóiriú, a d'fhoilsigh an tAire í ag deireadh 2017, i bhfeidhm le linn 2018. Tá an chreatlach seo dírithe ar thacaíocht a thabhairt don dul chun cinn leanúnach ar fud na Seirbhíse Poiblí ar mhaithe le Seirbhís Poiblí níos daingne a thógáil agus chun seirbhísí agus torthaí de chaighdeán níos airde a chur ar fáil don phobal. Moltar leis an nuálaíocht, agus an comhobair agus an feidhmiúchán feabhsaithe ar fud an Rialtais go léir, agus béim i bhfad níos láidre ar conas torthaí athchóirithe a thomhas. Chun tacú leis chun na críocha sin, táthar tar éis Aonad Measúnaithe Athchóirithe a chur i mbun sa Roinn chun tomhas a dhéanamh ar fhorfheidhmiú gach uile ghníomh sa phlean athchóirithe.

Lean an Roinn ar aghaidh lena clár leasaithe dírithe ar rialtas oscailte, cuntasach agus eiticiúil a sholáthar. Tá an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 agus an Bille um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2018 tar éis a bheith tugtha ar aghaidh i dtreo achtacháin san Oireachtas. Foilsíodh an chéad athbhreithniú reachtúil ar an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 i mí Iúil 2018. Leanadh le cur i bhfeidhm an Tionscnaimh um Shonraí Oscailte agus Plean Náisiúnta Gníomhaíochta na Comhpháirtíochta Oscailte Rialtais 2016-2018 chomh maith le tacaíocht agus comhairle leantach a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm na Reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise chuig saoránaigh agus 600 grúpa sa tseirbhís poiblí.

### An Rialtas Digiteach

Glacann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) an cheannaireacht ar fheidhmiú Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí a thiomáint chun cinn, ag obair le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí eile ar fud na Seirbhíse Poiblí, go háirithe ar fheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta 18 gcéim agus cur i bhfeidhm na Straitéise Ríomh-Rialtais 2017-2020. Lean an OGCIO ar aghaidh ag dul i gcomhar leis an AE ar raon de thionscnaimh chomh maith agus, le linn 2018, thug Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ceannaireacht do Ghníomh 1 d'Ár Seirbhís Poiblí 2020*, Dlús a Chur leis an Soláthar Digiteach d'Sheirbhísí.*

I measc na spriocanna sonracha a bainedh amach in 2018 áiríear: forleathan an tsraith de sheirbhísí (*Tógáil le Comhroinnt*) (BTS), dála úsáideoirí a chur leis an tseirbhís Deasca BTS, leanúint ar aghaidh le Feidhmchláir BTS a fhorbairt, leathadh amach leanúnach de Líonraí Rialtais BTS ar fud na tíre agus tairseach BTS gov.ie a sheoladh chuig a n-aistreofar na suímh ghréasáin go léir de chuid na Ranna Rialtais; cur ar aghaidh réiteach néil príobháidigh don Rialtas; cur ar aghadih cás gnó don ionad sonraí na Seirbhíse Poiblí; obair le geallsealbhóirí chun Straitéis na Seirbhíse Poiblí um Shonraí; forbairt Straitéise um Ghairmiúlú TFC AD; obair chun cur leis an leibhéal glactha le MyGovID; agus idirtheagmháil leanúnach ag leibhéal an AE, lena n-áirítear an Rialáil d'Aon Gheata Digiteach agus rannpháirtíocht ghníomhach ar ghrúpaí polasaithe agus teicniúla don eIDAanna agus leis an bPáirtíocht Eorpach um Blocshlabhra.

### An Soláthar Poiblí

Lean an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) ar aghaidh ag tabhairt ceannaireacht d'fhorfheidmhiú an Chláir um Athchóiriú Ceannacháin, agus thug leis leibhéil méadaithe de chomhoibriú agus de chomhleanúnachas don cheannacháin Seirbhísí Poiblí. In 2018, d'athsheol sí an tSeirbhís um Chomhairliúcháin Soláthair; chuir sí tús le comhairliúcháin maidir le bunadh ombudsman ceannacháin agus le cur i bhfeidhm agus mionchoigeartú an

chláir athchóirithe; d'fhoilsigh nótaí faisnéise ar chomhtháthú tosca sóisialta sa cheannachán poiblí, sa GDPR agus in Brexit; lean ar aghaidh ag dul i mbun teagmhála agus comhairle lena geallsealbhóirí agus; agus lean ar aghaidh ag cur trédhearcacht leis an gceannachán poiblí agus anailísíocht sonraí feabhsaithe sa Tuarascáil ar Chaiteachas sa tSeirbhís Poiblí agus ar Anailís ar Thairiscintí 2016.

Thacaigh an OGP leis na straitéisí um sholáthar agus conraitheoireacht d'ardleibhéal le haghaidh tionscadal ar fud an Rialtais agus chuir a cuid foirne foinsithe 1,122 comórtas san iomlán i gcrích lenar mbain caiteachas iomlán measta de bhreis is €1.3 billiún, nó €390.2 milliún sa bhliain. Le linn na bliana, bunaigh sé 29 creat breise, 33 conradh shaincheaptha agus breis agus 1,089 mionchomórtas le cuidiú le comhlachtaí sa tseirbhís poiblí earraí agus seirbhísí a fháil. Faoin am seo tá breis agus 130 comhaontas creatlaí i bhfeidhm aige.

Tá straitéis an Rialtais chun níos mó úsáide a bhaint amach as an teicneolaíocht dhighiteach i soláthar tionscadal um oibreacha poiblí a mhaoinítear tríd an gclár caipitiúil poiblí tugtha ar aghaidh ag an OGP.  Chomh maith leis sin, tá an Clár um Shonrascú Leictreonach tugtha ar aghaidh aige trí: fheachtas cumarsáide mór, dírithe 'Sonrascú Leictreonach Éireann'; forbairt a dhéanamh ar comhaontas creatlaí le haghaidh sholáthar réiteach um shonrascú leictreonach don earnáil phoiblí; agus trí shamhail náisiúnta den chur i ngníomh a chur ar aghaidh.

In 2018, bhain sé amach Duaiseanna Soláthair Náisiúnta don Phunann TFC sna catagóirí Sármhaitheas san Oideachas Ceannacháin agus Sármhaitheas i Soláthar Teic agus Teileachumarsáide. Chomh maith leis sin bhí an OGP gearrliostaithe do Dhuaiseanna AD na hÉireann as an tionscnamh is fearr don idirtheagmháil fostóra agus as trí chatagóir sna Duaiseanna um Bainistiú Saoráidí, a bhfógrófar na duaiseanna in 2019.

### Ag Tacú lenár mBaill Foirne le Cuidiú leo a Misean a Bhaint Amach

Lean Aonad Straitéise Roinn na nAcmhainní Daonna ag soláthar Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne, People@PER, agus chuir réimse leathan de sheirbhísí Acmhainní Daonna ar fáil d'fhoireann an Roinne.  Rinne sé bainistíocht ar leibhéal suntasach d'athnuachan foirne agus lean ar aghaidh leis ag cur raon fairsing de dheiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil don fhoireann.

Le linn 2018, chuir an Oifig Chorparáideach tacaíocht chorparáideach ar fáil don Ard-Rúnaí agus don Roinn go ginearálta, agus rinne comhordú ar fhorbairt Plean Gnó le haghaidh 2018 agus 2019  agus an Tuarascáil Bhliantúil 2017,  chomh maith le cur chuige an Rialtais maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus comhlíonadh de.  Thacaigh sé leis an gCoiste Rialachais agus leis an mBord Bainistíochta san obair leanúnach atá ar bun acu chun monatóireacht a dhéanamh ar dhea-nósanna imeachta cleachtais sa Roinn agus chun cur leo.  Lean an tAonad Airgeadais ar aghaidh ag feabhsú an bhainistíocht airgeadais sa Roinn.

Lean an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Aonad Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh ag cur seirbhís iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais chun Plean Straitéiseach Iniúchóireachtaí Inmheánaí 2016-19 a chur i bhfeidhm.

Lean Oifig an Aire ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht feidhmeannach don Aire Airgeadais agus don Aire Chaiteachas Phoiblí agus Athchóirithe. Leanadh ar aghaidh leis an bPreasoifig ag tabhairt léiriú don fhís, don ráiteas misin, agus do luachanna agus obair an Aire

Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun dul i gcumarsáid le geallsealbhóirí oiriúnacha i mbealach straitéiseach agus éifeachtach.

### Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis

Lean an Príomh-Oifigeach Leighis ar aghaidh ag soláthar seirbhís leighis ceirde éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais chomh maith le comhairle ar pholasaí maidir le cúrsaí sláinte ceirde don Státseirbhís agus don tSeirbhís Poiblí le linn 2018. Bhí rannpháirtíocht leitheadach ag an oifig sin i nuashonruithe ar na próisis reatha maidir le saoire bhreoiteachta/pá le linn tinneas criticiúil/bainistíochta tinrimh, chomh maith le cuidiú leanúnach a sholáthar don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Rinne sé Suirbhé um Shástacht leis na hAcmhainní Daonna in earrach 2018 inar cuireadh in iúl go raibh 87% de dhaoine sásta/an-sásta le chomh cúirtéiseach agus gairmiúl is a bhí an fhoireann leighis agus banaltrachta agus go raibh 76% de dhaoine ann a raibh sé dóchúil/an-dóchúil go molfaidís an Príomh-Oifigeach Leigheas do comhghleacaithe acu in eagraíocht eile. Chomh maith leis sin, bhain an Oifig amach duais i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i nduaiseanna Líonra Riosca na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát 2018 as an gclár um fhaireachas ar an éisteacht dá cuid.

# 1 Caiteachas Poiblí a Bhainistiú

## 1.1. An Próiseas Meastóireachta a Bhainistiú

I mí Dheireadh Fómhair d'fhoilsigh an Roinn an Tuarascáil Chaiteachais 2019, inar leagadh amach na mionsocruithe buiséid le haghaidh 2019 agus uaschaiteachas trí bliana na nAirí go dtí 2021. I mí na Nollag, d'fhoilsigh an Roinn an tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe (REV) 2019 inar leagadh amach mionleithdháileadh cáiteachais don bhliain 2019. Áirítear leis seo an t-eolas feidhmíochta le haghaidh gach Vóta ina leagtar amach na príomhsheirbhísí agus na príomhghníomhaíochtaí atá maoinithe ag acmhainní poiblí agus na beartais ard-leibhéil a bhaineann le comhthéacs agus leis na táscairí tionchair atá gaolmhar leis na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí seo. Áirítear faisnéis feidhmiúcháin a bhaineann leis an Tionscnaimh um Buiséadú Comhionannais chomh maith i REV 2019. Áiríodh leis an REV chomh maith i mbliana, de chéad uair, mionsonraí ar an aeráid atá bainteach leis an gcaiteachas ar fud na Ranna Rialtais.

Cuireadh ar aghaidh na tionscnaimh lárnacha seo a leanas:

- **An tAthchóiriú Buiséid:** D'fhoilsigh an Roinn, i gcomhpháirtíocht leis an RoinnAirgeadais, an Ráiteas ar an nGeilleagar sa Samhradh 2018 i mí an Mheithimh.Leagtar amach ann na mórpharaiméadair le haghaidh fás maicreacnamaíoch agus fioscach agus laincisí le linn na meántéarma agus d'éascaigh sé plé maidir le roghanna fioscacha agus tosaíochtaí roimh Bhuiséad agus Meastacháin Dheireadh Fómhair. Sa mhí chéanna, rinne an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, Plé Náisiúnta ar an nGeilleagar a chomheagrú i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. D'éascaigh an ócáid plé oscailte agus cuimsitheach ar na tosaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha atá roimh an rialtas, i gcomhthéacs paraiméadair mhaicreacnamaíocha agus fhioscacha. '*Building a Strong, Sustainable and Resilient Mixed Economy Together*' a bhí mar théama ag an ócáid. Eagraíodh roinnt seisiún ar an imeall chun ceisteanna ábhartha a phlé. Le linn na seisiún seo clúdaíodh ceisteanna ar nós Sholáthar Tithíochta, na hearnála Agraibhia Chúraim Leanaí agus ceisteanna a bhaineann leis an athrú aeráide. Is féidir teacht ar na páipéir a chuir an Rialtas amach chun na seisiúin seo a threorú ar Shuíomh Idirlín an Bhuiséid.

  Mar chuid de na hiarrachtaí leantacha chun rannpháirtíocht leis an mbuiséad agus maoirseacht air ag an Oireachtas, foilsíodh Tuarascáil Chaiteachais Lár-Bhliana (MYER) 2018 i mí Iúil. Sonraíodh ann na paraiméadair chaiteachais ard-leibhéil le haghaidh Bhuiséad 2019, agus sonraíodh ann freisin ollchaiteachas measta vótáilte thar an meántréimhse.  Leagadh amach creatlach um an polasaí caiteachais san MYER inar díríodh ar feabhsaithe buana, inbhuanaithe a chur le seirbhísí agus infreastruchtúr poiblí.

  In 2018, tharla an dara babhta den phróiseas nua Athbhreithnithe Caiteachas. Leis an anailís a ndearnadh in 2018, lenar cuireadh leis an sraith shuntasach oibre a ndearnadh in 2017, Táthar tar éis tacaíocht bhreise a chur leis an imscrúdú córasach a dhéantar ar chláir reatha chaiteachais chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht chun cuspóirí polasaí a chomhlíonadh agus chun scóip chun caiteachas a ath-dháileach a aithint chun tosaíochtaí caiteachais a shásamh.

  Go dtí seo, tá breis is 50 páipéar foilsithe ina scrúdaítear raon fairsing de réimsí beartais, lena n-áirítear an caiteachas ar chúram sláinte, tacaí fiontraíochta, an pleanáil don

fhórsa oibre agus digitiú an fhórsa oibre. Tá an bonn fianaise feabhsaithe seo chun cur leis na comhairlí maidir le Meastacháin a dhéantar le Ranna.

- Sa bhliain 2018, leanadh leis an obair chun an **Tionscadal um Buiséadú Ardfheidhmíochta** maidir le leithdháileadh acmhainní agus cinnteoireacht a dhaingniú. Foilsíodh an dara Tuarascáil ar Fheidhmíocht na Seirbhíse Poiblí i mí Aibreáin. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo, ina soláthrófar sonraí feidhmíochta cainníochtúla in am, an bhéim ar fheidhmíocht agus ar sholáthar a mhéadú trí tháscairí ábhartha feidhmíochta a chur i láthair i gcáipéis thiomanta, dhírithe.

- **Buiséadú Comhionannais:** Le linn 2018 bhí obair ar bith chun an gealltanas a bhí sa Chlár um Rannpháirtíocht Rialtais a chur i bhfeidhm chun próiseas promhaidh buiséid agus polasaí mar bhealadh chun comhionannas a chur chun cinn, an bhochtaineacht a laghdú agus cearta eacnamaíocha agus sóisialta a neartú a fhorbairt. Foilsíodh clár píolóta um buiséadú comhionannais á dhaingniú sa chreat um buiséadú feidhmíochta mar chuid d’Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2018.Tá cuspóirí buiséaduithe chomhionannais d’ardleibhéal ann agus tascairí feidhmíochta le haghaidh sé chlár éagsúla caiteachais le fáil sa chlár píolóta agus fócas ar an inscne mar ghné comhionannais ann ag tús. Rinneadh dul chun cinn ar na spriocanna seo a bhaint amach a thuairisciú sa Tuarascáil um Feidhmíocht sa tSeirbhís Poiblí i mí Aibreáin.

  Fógraíodh go gcuirfear síneadh leis an tionscnamh in óráid an Aire ar Lá na Cáinaisnéise chun cur níos mó leis na gnéithe inscne, agus chun an scóip atá aige a fhorleathnú do ghnéithe eile den chomhionannas lena n-áirítear an bhochtaineacht, an neamhionannas socheacnamaíoch agus an míchumas. Cuimsítear na táscairí sin ón bhliain thrialach, chomh maith le táscairí nua le haghaidh 2019 agus táscairí feidhmíochta eile um buiséadú a bhfuil gné comhionannais ag baint leo san Aguisín in Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2019. Tá bunaíocht Grúpa Saincomhairleach um an Buiséadú Comhionannais ina thacú leis an obair seo chomh maith. Tá an obair seo i measc na dtionscadal a bhfuil an Roinn ag tabhairt fúthu de réir a cuid Dualgas san Earnáil Phoiblí.

## 1.2. Seirbhís Gheilleagair & Mheastóireachta Rialtas na hÉireann

Is seirbhís chomhtháite agus tras-Rialtais í Seirbhís Gheilleagair agus Mheastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le ceapadh agus cur i bhfeidhm níos fearr polasaí sa Státseirbhís trí anailís agus meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar an ngeilleagar agus ar staitisticí. Tá foireann de chuid an IGEES ag obair laistigh de gach Roinn agus iad ag cur a riar scileanna leis an saineolas áirithe atá ag obair ar anailís ar pholasaí agus ar pholasaí a cheapadh. Lean an fás ar IGEES in 2018 agus beagnach 160 státseirbhíseach agus róil san IGEES acu.

Príomhthionscnamh chun polasaithe a cheapadh bunaithe ar fhianaise atá san IGEES. In 2018, lean an Roinn ag tabhairt tacaíochta don IGEES chun a hacmhainn a fhorbairt maidir le ceapadh polasaithe sa Státseirbhís bunaithe ar fhianaise. Déanann sé seo trí shainearcaíocht lárnach (d’earcaigh an IGEES 25 Anailísí Polasaí Iarchéime (leibhéal Oifigigh Riaracháin) agus 17 Anailísí Eacnamaíochta/Polasaí (leibhéal Príomhoifigeach Cúnta) in 2018), soghluaisteacht struchtúrtha, foghlaim dhírithe agus deiseanna forbartha, agus trí chomhdhálacha agus ócáidí eile a eagrú mar ardáin chun plé a dhéanamh ar anailís agus a ábhartha agus atá sé le haghaidh polasaí.

Foilsíodh Clár Oibre IGEES 2018 ag tús na bliana agus leagadh amach na spriocanna do 2018 ann, chomh maith leis na spriocanna a baineadh amach le linn 2017, le haghaidh gach aon aonad IGEES ar fud na Státseirbhíse. Tá breis is 40 páipéar a d'eisigh IGEES in 2018, ina ndéantar anailís ar cheisteanna i réimse d'earnálacha lena n-áirítear Sláinte, Coimirce Shóisialach, Oideachas, polasaí cánach, agus caiteachas caipitil, atá go léir ar fáil ar shuíomh idirlín IGEES. Tá roinnt mhaith páipéar a foilsíodh mar chuid d'Athbhreithniú Caiteachais 2018 i ndiaidh a chéile le Cáinaisnéis 2019.

Leanadh ar aghaidh leis an gCiste Taighde IGEES in 2018 chomh maith. Bunaíodh an Ciste sin chun tacú le hobair anailíse léargas a thabhairt maidir le ceisteanna tras-rannacha. I ndiaidh próiseas iomaíoch a bheith ann, leithdháileadh ciste 2018 chun tacú le comhobair idir an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS), chomh maith le leanúint ar aghaidh leis an tionscadal ar chuir an Roinn Airgeadais agus An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tús leis in 2017.

Chun tacú le plé bunaithe ar pholasaí agus chun an ceapadh polasaí bunaithe ar fhianaise a thacú, in 2018, d'eagraigh an IGEES dhá chomhdháil (Comhdháil Athbhreithnithe ar Chaiteachas an IGEES agus Comhdháil Bhliantúil an IGEES) agus d'eagraigh sé roinnt seimineár.

Tá sé ar cheann de na príomhscpriocanna ata ag an IGEES an méid a úsáidtear teicnící ceaptha polasaí atá bunaithe ar fhianaise a shíneadh amach ar fud na Státseirbhíse. Mar chuid de seo, chonacthas le linn 2018 an borradh a tháinig faoi na deiseanna foghlama agus forbartha ata á tairiscint tríd an IGEES. Áiríodh leosan oiliúint san Anailís Costais Is Tairbhe, ar Conas Sonraí a Úsáid, chomh maith le cúrsa gairid ar an ríomhchlár staidrimh, *R.* Anuas air sin, d'éascaigh baill de chuid an IGEES modúl de Chlár Iarchéimithe na Státseirbhíse, inar breacadh amach uirlisí ceaptha polasaí fianaise-bunaithe d'Oifigigh Riaracháin agus Tríú Rúnaithe ar earcaíodh iad le déanaí ó gach cearn den Státseirbhís, agus cuireadh clár ionduchtúcháin sainceaptha le haghaidh Oifigigh Riaracháin agus Tríú Rúnaithe ar earcaíodh iad le déanaí.

## 1.3. Cuntasaíocht Rialtais

Is é an ról atá ag an Aonad Cuntasaíochta Rialtais ná forbairt a chur leis na polasaithe, na prionsabail agus leis na gnáthaimh a bhaineann leis an gcuntasaíocht rialtais an dea-bhainistíocht airgeadais agus an fhreagracht a chur chun cinn is a neartú ar fud Ranna agus Oifigí an Rialtais.

In 2018, lean sé ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar aistriú d'Oifigí agus Ranna de chuid an Rialtais Láir ón gcuntasaíocht ar bhonn fabhraithe go dtí an chuntasaíocht ar bhonn airgid tirim, ag cur an clár gnó athchóirithe níos leithne san áireamh lena n-áirítear leathadh amach Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (FMSS) agus forbairtí ar bhonn an AE a bhaineann le cur i bhfeidhm todhchaíoch de chaighdeáin chomhréitithe cuntasaíochta - Caighdéain Eorpacha Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (EPSAS).

Roghnaíodh an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) chun meastóireacht a dhéanamh ar chreatlach cuntasaíochta an Rialtais Láir agus chun treochlár chun leasuithe a chur leis an tuairisciú airgeadais a aithint. Tháinig foireann an OECD go dtí Éirinn ar mhisean aimsithe fíricí i mí Mheán Fómhair 2018 agus bhuail le geallsealbhóirí príomhúla de chuid na creatlaí fioscaí agus tuairiscithe airgeadais. Tháinig an OECD ar

chuairt leantach leis sin i mí Eanáir 2019. Táthar ag súil leis an tuarascáil deiridh maidir le aimsithe agus moltaí an OECD a bheith críochnaithe i Ráithe 1 2019.

Cuireadh ar aghaidh na tionscnaimh lárnacha seo a leanas:

- **Caighdeáin don Iniúchadh Inmheánach** D'fhoilsigh an Roinn leagan athleasuithe de Chaighdeáin don Iniúchadh Inmheánach i ndáil Ranna agus Oifigí Rialtais 2018 chun cur in ionad an na cáipéise um *'Chaighdeáin don Iniúchadh Inmheánach'* a foilsíodh in 2012. Tá an Chreatlach Idirnáisiúnta um Chleachtais Ghairmiúla athchóirithe de chuid na hInstitiúide d'Iniúchóirí Inmheánacha ar chuir Cairte na nIniúchóirí Inmheánacha amach é. I measc na gnéithe a áirítear ann tá an Misean um Chuntasaíocht Inmheánach agus na Croíphrionsabail do Chleachtas Gairmiúil an Iniúchta Inmheánaigh.

- **Cód um Chaiteachais Phoiblí:** Is éard atá sa Chód Caiteachais Phoiblí ná tacar rialacha, nósanna imeachta agus treoir chun Luach ar Airgead (VFM) a chinntiú i gcaiteachas poiblí sa tSeirbhís Poiblí. In 2018, d'fhoilsigh an tAonad Cuntasaíochta Rialtais Ciorclán 06/2018 - An Cód Caiteachais Phoiblí: Foilseachán d'Athbhreithnithe Iarthionscadail inar athluaitear an ceangaltas atá le fáil sa Chód um Chaiteachais Phoiblí go gcríochnaítear athbhreithnithe iarthioncadail i gcás gach aon tionscadal infheistíochta poiblí mórscála, PPPanna san áireamh. Rinneadh na codanna den Chód um Chaiteachais Phoiblí a bhaineanna le Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Measúnaithe Dírithe um Beartas agus na seicliostaí um dearbhú cáilíochta a uasdátú in 2018 chomh maith.

# 2 An Bhainistíocht Airgeadais agus Beartais Earnála

## 2.1. Bainistíocht Caiteachais Vótáilte

Gach bliain, údaraíonn an Dáil maoiniú do sheirbhísí agus gníomhaíochtaí an Rialtais i sciartha caiteachais ar a dtugtar Vótaí. Is réimse sainiúil de chuid caiteachais rialtais é Vóta, arb é freagracht Roinn nó Oifig aonair Rialtais é. Is é ról na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas ag Vótaí aonair, le cois caiteachais phoiblí ar leibhéal comhiomlán a anailísiú agus a bhainistiú.

Lean an Roinn den mhonatóireacht ar threochtaí caiteachais le linn 2018. Ar na buntascanna sa réimse seo bhí: moltaí ó Ranna agus Gníomhaireachtaí ar bhonn luach ar airgead agus tosaíochtaí acmhainní a scrúdú agus a mheas; comhairle ar cé acu ba chóir nó nár chóir na moltaí a fhaomhadh; agus athbhreithniú agus comhairle ar bheartas agus feidhmíocht comhlachtaí Stáit.

D'éirigh le fiche sé den 42 Vóta cloí le caiteachas de réir leithdháiltí bunaidh 2018 agus bhí Meastacháin Fhorlíontacha de dhíth ar an 16 eile i mí na Nollag. Cuireadh caiteachas breise ar fáil sna Meastacháin Fhorlíontacha don tSeirbhís Sláinte, tuarastal Gardaí, soláthar Bónas Leasa Shóisialaigh na Nollag agus caiteachas breise caipitil ar, mar shampla, tithíocht. Mar gheall ar choigiltis i Ranna eile, bhí caiteachas foriomlán na bliana ar aon dul leis an méid atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Chaiteachas 2019, a bheag nó a mhór.

## 2.2. Beartais Caiteachais Earnála

Tugadh roinnt beartas caiteachais earnála ar aghaidh le linn 2018, lena n-áirítear, na cinn sin atá leagtha amach thíos:

- **An Tithíocht agus Uisce:** Leithdháil an Roinn €1.8 billiún san iomlán in 2018 leis an clár tithíochta a ndearna an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil é a chomhordú. Leis an gcistiú sin, rinneadh timpeall ar 27,000 réiteach tithíochta sóisialta in 2018, i measc nithe eile, a sholáthar. Leis an gcistiú, seachadadh 8,422 teach nua, anuas ar 18,681 tionóntacht nua um tithíocht shóisialta faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta agus faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos. Cuireadh buiséad breise de €120 milliún ar fáil don chlár tithíochta go déanach in 2018 chun aonaid tithíochta breise a chur ar fáil faoi Atógáil Éireann agus chun cur le tacaithe don easpa dídine. In 2018, cuireadh cistiú Stáit de €1.1 billiún le haghaidh Uisce Éireann tríd an Vóta um Thithíocht, Pleanáil agus an Rialtas Áitiúil. Faomhadh an Plean Cistithe Straitéiseach d'Uisce Éireann, 2019-2024 ar an 7 Samhain 2018. Leagtar amach ann an riachtanas cistiúcháin il-bhliana de €11 billiún suas go dtí 2024 atá ag Uisce Éireann, lena gcuimsítear infheistíocht de €6.1 billiún i mbonneagar agus i sócmhainn agus €4.9 billiún i gcostais oibriúcháin.

- **An Gníomhú ar son na hAeráide:** Lean an Roinn ar aghaidh ag cur chun cinn cur chuige iomláine rialtais sa réimse gníomhú aeráide in 2018. Thug sé faoi comhairliúchán pobail a thionól maidir le modheolaíocht nua chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a luacháil sa Chód um Chaiteachais Phoiblí. Táthar tar éis foilsiú tairiscint chun an ráta lascaine a chuirtear le gach uile infheistíocht Stáit  a laghdú chomh maith. Curtha le chéile, cuideoidh na leasuithe sin deimhniú go n-áirítear measúnú oiriúnach maidir leis

an tionchar a bhíonn ag cinntí infheistíochta an Rialtais ar an aeráid. Ghlac an Roinn ballraíocht de Mheitheal Pháras ar an mBuiséadú Glas den OECD amach go foirmeálta i mí Mheán Fómhair agus as sin amach tá an Roinn tiomanta don bhuiséadú glas a chur ar aghaidh go forchéimnitheach in Éirinn. Mar chéad chéim chuige sin, rinneadh an caiteachas go léir a bhaineann leis an aeráid a shainaithint in aguisín leis an Imleabhar 2019 do na Measúnaithe Leasaithe le haghaidh Toilleadh Seirbhísí Poiblí.

In éineacht leis seo, d'fhoilsigh an Roinn Páipéar Foirne, inar míníodh an próiseas trína ndeachaigh an Roinn chun caiteachas atá bainteach leis an aeráid a mharcáil agus a shainmhíniú agus inar tugadh mionsonrú ar an mbealach ina gcuirfidh an Roinn athchóirithe buiséid glasa i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, éascaíodh an Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) chun an chéad eisiúint de Bhannaí Stáit Éireannacha Glasa (ISGB) a dhéanamh leis an tionscnamh seo, i mí Dheireadh Fómhair 2018. Gnóthaíodh €3 billiún leis an mbanna seo agus cuireadh an NTMA ar a chumas dá bharr éagsúlacht a chur leis an eisiúint sin, chun dul i bhfeidhm ar chatagóir nua d'infheisteoir agus ag cur ionstraim fiachais ar fáil chun freastal ar éileamh nua ó infheisteoirí. Leithdháilfear an fáltas ón eisiúint de bhannaí ISGB le tionscadail ghlasa incháilithe, a théann i ngleic leis an athrú aeráide agus leis an maolú d'athrú aeráide, leis an uisce glan agus leis an gcóireáil dramhaíola, chomh maith le bunchuspóirí polasaithe chomhshaoil eile.

Éire 2040 An Tionscadal, ar sheol an Rialtas é i mí Feabhra, tugtar tiomantas leis leibhéal d'infheistíocht nach ndearnadh go dtí seo le haghaidh tionscnaimh um an athrú aeráide sa deich mbliana amach romhainn, agus €21.8 billiún leithdháilte don Aistriú go dtí an mBeagán Carbóin agus chuig Sochaí a Oireann don Aeráid ar leith. Anuas air sin, tá roinnt Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta eile atá sa NDP ata bainteach go díreach le baint amach dár spriocanna gníomhaíochta um an aeráide - leithroinntear €14.5 billiún chun an dlúthfhás cliste a spreagadh agus €8.6 billiún sa bhreis air sin le bheith infheistithe san iompar poiblí inbhuanaithe, agus ag an am céanna tá €8.8 billiún leithdháilte don bhainistíocht inbhuanaithe ar uisce agus acmhainní comhshaoil eile. Bíonn an Roinn i dteagmháil ar bhonn gníomhach le Ranna, Gníomhaireachtaí agus fóraim éagsúla bhainteacha ar an gclár oibre a bhaineann le hathrú aeráide agus ionchur acu i meithleacha éagsúla ábhartha ag an leibhéal náisiúnta agus AE.

- **An Earnáil Ceartais:** Le linn 2018, thug an Roinn comhairle don Aire ar réimse leathan de cheisteanna suntasacha beartais, reachtaíochta agus eagraíochta a bhaineann leis an gCóras Ceartais Choiriúil. Dhírigh an Roinn go háirithe ar réimse an athchóirithe póilíneachta trí chruinnithe comhoibritheacha le páirtithe leasmhara eile amhail an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An Garda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta ar cheisteanna a bhaineann le pleanáil fórsa saothair, TF agus soláthar acmhainní. Áiríodh leis seo caidreamh gníomhach suntasach a rinneadh leis an gCoimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn de réir mar a ghlac an Roinn lena téarmaí tagartha maidir leis an athchóiriú póilíneachta. Mar chuid dá obair leanúnach chun fianaise a fhorbairt mar bhonn eolais dá chur chuige ar bhainistíocht vótaí i réimse an cheartais, d'fhoilsigh an Roinn dhá pháipéar ar an bpóilíneacht mar chuid den phróiseas bliantúil Athbhreithnithe Caiteachais: Sibhialtachú na Póilíneachta in Éirinn: Ceachtanna atá le Foghlaim ón gCleachtas Idirnáisiúnta: agus Athbhreithniú ar Chaiteachas ar Ragobair sa Gharda Síochána.

## 2.3. Bainistíocht Caiteachais Caipitil

Rinne an Roinn maoirseacht ar chaiteachas comhlán caipitil ag Ranna dar suim €5.9 billiún in 2018, is é sin méadú bliain ar bhliain de bheagnach €1.3 billiún, nó 28%, ar tháirgeacht €4.6 billiún 2017, rud a léiríonn tiomantas an Rialtais chun caiteachas caipitil a mhéadú ar aon dul leis an bPlean Forbartha Náisiúnta.

Éire 2040 An Tionscadal - an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) agus an Creatlach um Pleanáil Náisiúnta - sheol an Rialtas iad i mí Feabhra. Leis na tionscnaimh seo, táthar ag iarraidh athchóiriú a dhéanamh ar an mbealach ina mbeartaítear an infheistíocht phoiblí agus ina gcuirtear i gcrích í chun inbhuanaitheacht fhadtréimhseach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a bhaint amach. Áirítear leis infheistíocht de €116 billiún thar thréimhse deich mbliana tríd an Státchiste agus cuideachtaí Stát-tionscanta. Roimhe seo, tá Éire 2040 An Tionscadal ag baint amach naisc iompair feabhsaithe, ag éascú torthaí sláinte agus comhshaoil chomh maith le haschur níos fearr maidir leis an tithíocht.

Cuirtear na moltaí ón Measúnú um Bainistíocht ar an Infheistíocht Phoiblí 2017 de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF) i bhforfheidhmiú an FPN agus sa mheasúnú sin, thángthas ar an gcinneadh go ndéantar in Éirinn, ar an iomlán, bainistíocht ar an mbonneagar poiblí go réasúnta maith agus cuireadh béim ann chomh maith ar na láidreachtaí agus ar na laigí atá le meas sa chóras bainistíochta ar an infheistíocht in Éirinn.

Cuireadh roinnt struchtúr príomha i gcrích in 2018 chun deimhniú go gcuirfear Éire 2040 An Tionscadal i bhfeidhm ar bhonn comhordanáideach tráthúil. Tagann Bord Sheachadta um Éire 2040 An Tionscadal le chéile go rialta chun deimhniú go dtugtar ceannaireacht éifeachtach don phróiseas forfheidhmithe. Táthar tar éis Oifig um Thionscadail agus Cláir Infheistithe (IPPO) a bhunú sa Roinn chun tacú le forfheidhmiú an NDP agus chun meastóireacht feabhsaithe ar thionscadal agus ar chásanna gnó a thiomáint. Tagann Grúpa na hEarnála Tógála le chéile go rialta chun deimhniú go dtarlaíonn caidreamh oscailte idir an Rialtas agus an earnáil tógála maidir le ceisteanna ríthábhachtacha a bhaineann leis an fhorfheidhmiú dála an acmhainn atá san earnáil tógála. Tá an Rianán Tionscadal Caipitil um Thionscal Éire 2040 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne. Tugtar léargas ginearálta leis ar thionscadail atá ag céimeanna éagsúla agus a maoineofar iad leis an NDP chun saoránaigh a chur ar an eolas maidir le pleananna ina gceantar féin agus ag cur léargas feabhsaithe ar fáil maidir leis na deiseanna atá ar fáil don earnáil tógála.

I measc cuid de na tionscnaimh ríthábhachtacha eile atá curtha ar aghaidh, áirítear:

- Bunaíodh **Aonad Maoine Stáit** in 2018 chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán Alt 28-32 an Achta Maoine Stáit, 1954. Baineann na hailt seo go bunúsach le sócmhainní cuideachtaí a aistrítear iad le bheith cuid de mhaoin an Stáit nuair a leachtaítear iad. Ós rud é go bhfuil líon fada de chuideachtaí ar leachtaíodh iad ó na 1980í amach, tá sé fágtha ag seo go bhfuil i bhfad níos mó maoine tar éis aistriú le bheith faoi sheilbh an Stáit agus tá ceisteanna casta riaracháin agus dlí ann dá bharr. Baineann na ceisteanna a tháinig suas dár bharr le roinnt Ranna agus Oifigí Rialtais.

- **Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (PPPanna)** De réir mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP), leanfaidh ar aghaidh leis na PPPanna a bheith ann mar rogha ceannacháin don Rialtas le haghaidh tionscadail tógála atá curtha le chéile ar bhealach ata oiriúnach agus a mbeidh luach ar airgead i gceist leo i gcomparáid le rogha ceannacháin traidisiúnta agus a shásaíonn na tástálacha diana don mheastóireacht ar thionscadail a bhaineann le gach uile tionscadal infheistíochta de réir an Chóid um Chaiteachais Phoiblí. Seachas clár sonrach de thionscadail PPP, as seo

amach, is ar bhonn cás ar chás a rachfar ar tóir tionscadal PPP, de réir an tairbhe a bheidh i gceist leis é a dhéanamh trí PPP sa chás ar leith i gcomparáid leis an rogha malartach traidisiúnta eile.

# 3 Breatimeacht agus an Comhoibriú Idirnáisiúnta

## 3.1. Breatimeacht

Tá Aonad Breatimeachta/AE/Thuaidh Theas sainiúil freagrach as ceisteanna a bhaineann le Brexit agus leis an AE a chomhordú, agus maoirseacht a dhéanamh orthu, i ngach cuid den Roinn agus as ionchur a bheith acu i bhfreagairt an rialtais ina iomláine.

Ó thús go deireadh 2018, lean an tAonad ar aghaidh ag dul i ngleic le ceisteanna a tháinig aníos mar gheall ar reifreann an RA ar bhallraíocht an AE. Áiríodh leis an obair seo Plean Gnímh na Roinne a chomhordú chun freagra a thabhairt don Bhreatimeacht i ngach aon chás phlean teagmhais ar aon dul leis an gcur chuige atá i bhfeidhm ar fud an Rialtais. Áiríodh bearta sonracha le Cáinaisnéis 2019 a bhí dírithe ar leanúint ar aghaidh lenár bhfreagra intíre cuimsitheach don tionchar a bhíonn ag Brexit ar gach uile ghné den Rialtas. Chomh maith leis sin, thug an tAonad tacaíocht d'fhorbairt polasaí maidir leis an AE ar fud gach gné den Rialtas.

Thacaigh an Roinn leis an Aire ina cháilíocht mar bhall den Choiste Comh-Aireachta um an AE agus Breatimeacht agus chuir an Roinn leis an obair a dhéanann an Grúpa Idir-Rannach um an AE agus Breatimeacht agus grúpaí eile atá gaolmhar leis. Chomh maith leis sin, tugann oifigeach atá lonnaithe i mbuanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil ionadaíocht don Roinn.

## 3.2. Comhordú AE agus Thuaidh Theas

Thacaigh an Roinn le forbairt beartais a bhain leis an AE i ngach cuid den Rialtas, lena n-áirítear trí obair an Choiste Comh-aireachta ar Ghnóthaí AE agus grúpaí idir-rannacha gaolmhara. Cé nárbh fhéidir cruinnithe earnála a thionól den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC) a bhain le Comhlacht na gClár Speisialta AE in 2018 cheal Feidhmeannas i dTuaisceart Éireann, lean an Roinn de thacú le hobair ar chomhoibriú Thuaidh Theas a rinneadh faoi choimirce an NSMC agus trí na Comhlachtaí Forfheidhmiúcháin Thuaidh Theas (NSIB).

## 3.3. Cláir Cistí Struchtúracha AE 2014-2020

D'éirigh le hÉirinn €1.2bn de Chistí Struchtúracha AE a fháil don tréimhse 2014-2020. As an maoiniú sin, tá €411 milliún ar fáil do chlár atá á gcómhaoiniú ag Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) a bhfuil freagracht fhoriomlán ag an Roinn as. Leithdháiltear timpeall ar €610 milliún ar Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) agus ar an Tionscnamh Fostaíocht Óige (TFÓ), atá faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá €169 milliún eile sainithe don naoi cinn de na Chláir Chomhoibriú Críche na hEorpa (ETC) agus an dá Chlár Thuaidh-Theas (PEACE agus INTERREG IVA) is suntasaí orthu seo.

Le linn 2018, d'oibrigh an Roinn i ndlúthpháirt le hÚdaráis Bhainistíochta ERDF le go gcloífí le spriocdháta 31 Nollaig 2018 N+3 na hÉireann a chinntiú nárbh ann d'aon dí-dhílsiú i leith mhaoiniú ERDF an AE. Is ionann €89.2m agus an fáltas ERDF don bhliain 2018.

Tá mionsonraí faoi chuid de na thionscnaimh príomha a cuireadh ar aghaidh le linn 2018 leagtha amach thíos:

- **Cláir Thuaidh Theas:** Tá an Roinn ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) ar mhaoirseacht Chláir 2014-2020 thrasteorann PEACE agus INTERREG. Is ó AE a thagann 85% de mhaoiniú na gclár seo trí Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa agus luach iomlán €553 milliún atá acu. Faoi dheireadh 2018, bhí Clár PEACE IV 99% tiomanta agus 95 tionscadal agus bhí Clár INTERREG VA 97% tiomanta agus 32 tionscadal dá chuid.

- **Comhar Críochach Eorpach:** Chomh maith leis na Cláir Thuaidh Theas, tá Éire ina comhpháirtí fosta i gClár INTERREG na hÉireann agus na Breataine Bige (a bhfuil luach iomlán beagnach €100 milliún leis thar thréimhse chláir 2014-2020) le cois roinnt cláir thrasnáisiúnta, mar atá, Cláir Cheantar an Atlantaigh, Iarthuaisceart na hEorpa agus an Imill Thuaidh agus áran Artaigh.

- **Comhlachtaí Forfheidmiúcháin Thuaidh Theas:** Lean an Roinn ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann ar cheisteanna a bhain leis an rialachas airgeadais do na Comhlachtaí Forfheidmiúcháin Thuaidh Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.

- **An tÚdarás Iniúcha ERDF:** Ina cháilíocht mar an Údarás Ainmnithe in Éirinn don tréimhse chlárach 2014-2020, chríochnaigh an tAonad an phróiseas sannta i leith an dá chlár oibríochta de chuid an ERDF atá faoina shainchúram. Chomh maith leis sin, chríochnaigh an tAonad an t-iniúchadh ar Chuntais 2017, agus tháinig ar thuairim iniúchta gan agús. Cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh in éineacht le Tuarascáil Rialaithe Bhliantúil an Údaráis i mí Feabhra 2018. Mar chuid den athbhreithniú atá déanta againn ar Chuntais 2018, chuir an tAonad i gcrích 35 iniúchadh oibríochta agus rinne sé obair ar 11 iniúchadh córais le linn 2018 sa dá chlár seo. Cuireadh an Tuarascáil Rianaithe Bhliantúil isteach i mí Feabhra 2019.

- Chuaigh an chéim dheireanach den **Chóras TF eCohesion**, riachtanas AE i gcomhair riarachán breise bheag agus €1.2 billiún de Chistí Struchtúracha na hÉireann agus an Chiste um Chúnamh Eorpach Do na Daoine is Mó Díothacht (FEAD) i dtréimhse mhaoiniúcháin 2014-2020, beo i Ráithe 1, 2018.

- D'óstáil an Roinn **an Coiste Monatóireachta Comhaontú Páirtíochta** (PAMC) i mí na Nollag. Déantar monatóireacht leis seo ar dhul chun cinn ar fheidhmiú na gcuspóirí straitéiseacha a shainaithnítear sa Chomhaontú Páirtíochta agus tugann uasdátaithe ar cheisteanna feidhmiúcháin.

## 3.4. Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF)

In 2018, rinneadh suntas don idirbheartaíocht ar an chéad bhabhta eile i leith Cistí Struchtúracha. Sa chomhthéacs sin, foilsíodh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF) ar an 2 Bealtaine 2018 agus d'fhoilsigh an Coimisiúin an pacáiste reachtaíochta maidir leis an bPolasaí Comhghreamaithe ar an 29 Bealtaine, chomh maith leis na leithdháiltí tosaithe de thacaíocht ón gciste struchtúrach agus comhghreamaitheachta le gach uile bhallstát. Meastar gurb ionann €1.088 billiún agus an leithdháileadh a fuair Éire ach ní dhearbhófar an leithdháileadh críochnaitheach a dtabharfar dúinn, ná conas a leithroinnfear é thar na cistí éagsúla, go dtí go dtugtar an idirbheartaíocht maidir leis an chun críche maidir leis an MFF.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún ag bonn an Mheithle Oibre agus Aireachta de réir mar a leanann an idirbheartaíocht seo ar aghaidh.

# 4 Caidreamh Tionsclaíoch, Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí

## 4.1. Comhaontú Cobhsaíocht na Seirbhíse Poiblí 2018-2020

Is iad na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) 2009-2013 atá mar bhunchloch ag laghduithe pá agus pinsin na seirbhíse poiblí ó 2009 i leith. I dteannta a chéile, bhí ról ríthábhachtach ag sábháiltí ó na bearta seo i gcobhsú cistí poiblí. Cuireadh tús le leachtú na beart éigeandála seo, a bhfuil tionchar acu ar sheirbhísigh phoiblí agus ar phinsinéirí seirbhíse poiblí ar aon, faoin FEMPI 2015.

In 2017, rinneadh Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (PSSA) 2018-2020 a shocrú trí idirbheartaíocht a dhéanamh chun leachtú inbhuanaithe a dhéanamh ar na bearta sin. Tá an comhaontú seo ag feidhmiú mar chreatlach caidrimh tionsclaíocha don tSeirbhís Poiblí go dtí deireadh 2020. Leanadh ar aghaidh leis dá réir sin go raibh an cothabháil ar an timpeallacht caidrimh tionsclaíocha ar fud na Seirbhíse Poiblí, faoi réim an PSSA, a bheith ina príomh-thosaíocht in 2018.

Tairgtear in PSSA 2018-2020 sraith de mhéaduithe inacmhainne pá a scaoilfidh laghduithe pá FEMPI do bheagnach 90% de sheirbhísigh phoiblí thar an tréimhse go dtí deireadh 2020. Beidh costas €887 milliún ar an PSSA go deireadh 2020 agus is idir 6.2% agus 7.4%, thar thréimhse trí bliana, atá na sochair do ghrúpaí éagsúla ioncaim agus iad ualaithe ina dtreo siúd is ísle pá.

Moladh sa chomhaontú fosta go dtiontófar an Asbhaint a Bhaineann le Pinsin (PRD) reatha FEMPI ina Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (ASC) ó 2019 ach, san am céanna, gnóthachain mheasartha a thabhairt do bhunús na seirbhíseach poiblí trí mhéaduithe sa tairseach díolúine. Tá an ASC sa bhreis ar ranníocaíochtaí reatha pinsin a thugann seirbhísigh phoiblí agus cuirfear pinsin seirbhíse poiblí ar bhunús inbhuanaithe fadtéarmach.

In 2018, d’ullmhaigh an Rannán tuarascáil ón Aire le haghaidh Thithe an Oireachtais, de réir Alt 11 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, ar fhadhbanna a bhaineann le scálaí tuarastail iontrálaithe nua sa tSeirbhís Poiblí (tar éis Eanáir 2011) atá fós ag seasamh amach. Aimsítear sa tuarascáil go bhfuil a lán earcaíochta ann ó 2011 i leith agus 237 grád earcaíochta i gceist ar fud na Seirbhíse Poiblí, agus breis is 60,500 ‘iontrálaí nua’, nó 19% den tSeirbhís Poiblí ag feidhmiú sna grádaí sin faoi láthair na huaire.

Ba ar bhonn na tuarascála seo a ndearnadh an idirbheartaíocht le hionadaithe foirne agus thángthas ar chomhaontú le Coiste na Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i mí Mheán Fómhair 2018. Leis an gcomhaontú, ligtear d’iontrálaithe nua dul ar aghaidh ag pointe 4 agus ag pointe 8 dá scála pá, le héifeacht ón 1 Márta 2019 agus déantar an costas iomlán atá i gceist leis sin a leathadh amach go dtí 2025. Bhí na costais a bhí gaolmhar le coigeartú incriminteach dhá phointe don 60,500 ball foirne suntasach, timpeall ar €200 milliún.

## 4.2. An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí – Céim 2

D’fhoilsigh an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí, a thugann comhairle don Rialtas ar bheartas luach saothair sa tseirbhís poiblí, an chéad tuarascáil dá chuid i mí na Bealtaine 2017. Leis seo, tugadh ionchur suntasach do na hidirbheartaíochtaí idir ceardchumainn agus fostóirí na seirbhíse poiblí ar toradh dó Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 - 2020.  Ar aon dul le Mír 3 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020, iarradh ar an CPSP:

- A fháil amach an chéad uair an ann do dheacracht i dtéarmaí earcaíochta agus coinneála do ghrúpaí/gráid/earnálacha ar leith de chuid na Seirbhíse Poiblí agus cad é méid na deacrachta;
- Nuair a shonraítear deacracht, an réimse iomlán de na tosca cúisíocha a scrúdú;
- Critéir oiriúnacha modheolaíochta agus anailíseacha a fhorbairt chun deimhniú go mbeidh cur chuige fianaisebhunaithe daingean don chleacht seo;
- An aird chuí a thabhairt ar shocruithe agus dea-chleachtas i ndlínsí eile agus, nuair is cuí, in earnáil phríobháideach na hÉireann maidir le ceisteanna den sórt, go háirithe maidir leis na réimsí sin inar ann do mhargadh saothair domhanda chomh maith leis na freagairtí atá i bhfeidhm i ndlínsí eile mar a mbíonn fadhbanna earcaíochta agus coinneála den chineál céanna; agus
- An saineolas seachtrach, dar leis an gCoimisiún, atá de dhíth a choimisiúnú chun bonn eolais a chur faoina phlé i gcomhthéacs na modheolaíochtaí a fhorbraítear.

Tá an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí tar éis glacadh le cur chuige modúlach le haghaidh Chéim 2 dá chlár oibre. Rinneadh tuairisc i mí Lúnasa 2018 maidir leis an gcéad mhodúil de ar cheisteanna a bhaineann leis an mBanaltracht agus an Cnáimhseachas, le Dochtúirí Ospidéil Neamhchomhairleacha agus le Dochtúirí Ospidéil Comhairleacha.

I ndiaidh sin, cuireadh tús le hobair ar dhara modúil an Choimisiúin, ina ndéanfar measúnú a dhéanamh ar na grúpaí eile a dtagraítear dóibh i gCaibidil 6 dá chéad tuarascáil (Bealtaine 2017), lenar tugadh faoi dearadh go bhfuil fianaise ann de dheacrachtaí maidir leis an earcaíocht agus an gcoinneáil, agus ina bhfuil ionadaithe foirne na ngrádaí/speisialtóirí sin páirtí do Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020). Is iad na grúpaí cuí ionadaíocht foirne agus fostóirí seirbhíse poiblí a mheasfaidh feidhmiú aon mholtaí a thiocfadh aníos de bhun thuairisc an Choimisiúin.

## 4.3. An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir) 2018

I mí na Nollag 2017, d’aontaigh an Rialtas go méadófar aois éigeantach scoir d’fhormhór státseirbhísigh ar earcaíodh iad roimh an 1 Aibreán 2004 suas go dtí 70 agus go mbeadh an tseirbhís idir 65 agus 70 bliain d’aois ináirithe do phinsean, faoi réir uasmhéid reachtúil de 40 bliain de sheirbhís. Léirítear sa chinneadh sin an fhíric go bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide, go bhfuil saol níos folláine acu agus go bhfuil a lán seirbhísigh phoiblí ann atá ag iarraidh leanúint ar aghaidh ag obair tar éis dóibh 65 bliain a shroicheadh toisc go measann siad go bhfuil níos mó acu chun tabhairt don obair agus don tsochaí.

Chuir an Roinn an reachtaíocht atá de dhíth chun éifeacht a thabhairt don leasú seo ar aghaidh tríd an Oireachtas le linn 2018 agus achtaíodh í i mí na Nollag.  Tugtar an rogha do sheirbhísigh phoiblí leis obair tar éis dóibh 65 bliain d’aois a shroicheadh, suas go dtí 70

bliain d'aois, ar na téarmaí agus coinníollacha reatha atá acu, ach amháin de réir na gnáthchaighdeáin maidir le sláinte agus feidhmiú etc.

Clúdaítear formhór de na seirbhísigh phoiblí roimh-2004 leis an Acht nua, seachas comhaltaí an ghrúpa fabhruithe tapa, dála na Gardaí, Oifigigh Príosúin, Lucht Múchta Dóiteáin agus comhaltaí an Bhuanfhórsa Cosanta a mbíonn gá ann dóibh dul ar scoir go luath, ar chúiseanna oibríochtúla. Níl toradh ar bith ag na hathruithe san Acht ar sheirbhísigh phoiblí ar earcaíodh iad tar éis an 1 Aibreán 2004 toisc go raibh 70 ina aois scoir acusan roimhe seo (i gcás chomhaltaí na Scéime Pinsin Aonair), sin nó ní raibh aon aois scoir éigeantach ar bith acu.

## 4.4. An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

Déanann 350 fostóirí seirbhíse poiblí an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair"), a tógadh isteach in 2013 le haghaidh gach aon iontrálaí nua sa tSeirbhís Poiblí, a riar ar fud gach uile earnáil. Aonad sainithe is é Tionscadal Riara na Scéime Aonair (SSAP) a bunaíodh sa Roinn in 2016 chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna a bhí ann don riarachán fadtréimhseach don Scéim chun tacú leis an riarachán reatha ar an Scéim.

Le linn 2018, lean an tAonad ar aghaidh ag leathadh amach clár oiliúna teicniúil fairsing agus forbraíodh 5 modúl nua ar cuireadh ar siúl in 37 seisiún ceardlainne oiliúna. Bhí 461 riarthóirí pinsin san iomlán ó 188 fostóir de chuid seirbhíse poiblí a ghlac páirt ann in 2018. Leanadh ar aghaidh ag cur ábhar tacaíochta, lena n-áirítear teimpléid, treoracha agus foirne uirlisí ar fáil tríd an suíomh gréasáin sainithe leis, suíomh gréasáin na Scéime Pinsin Aonair. Treocheangailte leis sin, tá obair curtha ar aghaidh ar anailís ar roghanna riaracháin don todhchaí, agus sraith leathan de cheardlanna um dhearadh próisis a thionóladh le hionadaithe ó gach earnáil sa tSeirbhís Poiblí. Cuireadh tús le meastóireacht ar na próisis toraidh ó dhearcadh TFC in 2018 agus leanfar ar aghaidh leis in 2019, agus ina dhiaidh sin cuirfear moltaí ar an dearadh is fearr i gcrích.

# 5 Athnuachan na Státseirbhíse

## 5.1. Plean Athnuachana na Státseirbhíse

Is clár mór chun athraithe don Státseirbhís é Plean Athnuachana na Státseirbhíse agus is é an fhís atá aige seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil don Stát agus do mhuintir na hÉireann. Bíonn an Oifig Bainistíochta Chlár (PMO), atá lonnaithe sa Roinn, ag obair ar polasaí athchóirithe a fhorbairt agus a chur i gcrích faoi bhun an chlár um Athnuachan na Státseirbhíse. Leanadh ar aghaidh leis an Plean a thiomáint agus a chur i bhfeidhm i rith na bliana.

Thug an PMO athbhreithniú cuimsitheach ar na gníomhaíochtaí uile atá i bPlean Athnuachan na Státseirbhíse 2014 chun críche in 2018. Tá an t-athbhreithniúchán ag cur leis an treoir todhchaíoch don pholasaí athchóirithe don státseirbhís agus leis an obair atá i mbun i ndáil le leagan nua den Plean Athnuachana na Státseirbhíse lena gclúdófar an tréimhse 2019-2021. Cuirfidh an Plean nua leis an dul chun cinn atá déanta maidir leis an athchóiriú státseirbhíse go dtí seo, aithneoidh sé roinnt tosaíochtaí nua agus ailíneofar é le Ár Seirbhís Phoiblí 2020, an chreatlach le haghaidh fhorbairt agus nuálaíocht na seirbhíse poiblí.

Lean an PMO ar aghaidh ag obair go dlúth i gcomhar le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (CSMB), a dhéanann maoirseacht ar sholáthar Chlár Athnuachana na Státseirbhíse, agus ag tacú leis an mBord sin. Tháinig an CSMB le chéile ocht uaire le linn chúrsa na blaina agus tá miontuairiscí na gcruinnithe siúd foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Cuireadh tús leis na tionscnaimh lárnacha seo a leanas:

- **An tSuirbhé um Rannpháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís:** Rinneadh an dara Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís i Meán Fómhair 2017 foilsíodh í i mí an Mhárta 2018. Bhí sí líonta amach ag breis is 21,000 státseirbhíseach - is ionann sin agus ráta freagartha de 56%. Léirítear leis go bhfuil an fhoireann ag leanúint ar aghaidh a bheith ghníomhach le leibhéal méadaithe de thacaíocht ar fáil acu ón a n-eagraíocht. Léirítear sna torthaí chomh maith go bhfuil dúshláin fós le tabhairt i réimsí chultúr na nuálaíochta agus rannpháirtíochta na foirne go léir. Tá tuarascálacha curtha le chéile ag an leibhéal eagraíochta chomh maith le haghaidh Ranna agus Oifigí le linn 2018 agus táthar ag cur le pleananna gníomhaíochta leo siúd chun dul i ngleic leis na ceisteanna a bhfuil suntas déanta dóibh.

- **Duaiseanna Bharr Feabhais agus Nuálaíochta sa Státseirbhís:** Bhronn an tAire Duaiseanna Bharr Feabhais agus Nuálaíochta sa Státseirbhís i searmanas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna, 2018. Leis an dámhachtain seo, déantar ceiliúr ar an méad suntasach oibre a dhéanann státseirbhísigh agus déantar taispeántas den pholasaí agus den soláthar seirbhíse ar fud na Státseirbhíse. Fuarthas 70 ainmniúchán ó gach cearn den Státseirbhís don phróiseas gradaim 2018 agus rinneadh 30 tionscadal a ghearrliostú, agus duaiseanna a thabhairt do 11 thionscadal. Tá mionsonraí faoi na tionscadail a bhuain dámhachtain amach ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

- **Athbhreithnithe um an gCumas Eagraíochta:** Leanadh ar aghaidh leis an gclár d’athbhreithnithe um an gCumas Eagraíochta a chur i bhfeidhm, críochnaíodh athbhreithnithe don tSeirbhís Chúirteanna agus don Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta agus cuireadh tú le hathbhreithniú don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus

Gaeltachta. Tá comhaontas déanta ag an CSMB maidir le sraith d'athbhreithnithe le bheith déanta as seo amach.

- **Suirbhé do Chustaiméirí Gnó na Státseirbhíse:** Léirítear i dtorthaí an tSuirbhé do Chustaiméirí Gnó na Státseirbhíse 2018 (atá bonnaithe ar agallaimh a cuireadh ar 510 gnólacht) go: raibh 78% dóibh sásta leis an tseirbhís a fuair siad; go raibh 82% dóibh sásta le toradh an idirtheagmháil is deireanaí a bhí acu; agus mheas 91% dóibh gur mar a bhí siad ag súil leis a bhí an idirtheagmháil sin. Anuas air sin, mheas 66% dóibh go bhfuil an tseirbhís a chuirtear ar fáil sa Státseirbhís tar éis éirí níos nuálaíochta le cúig bliana anuas, agus comhaontaigh 55% dóibh go bhfuil an Státseirbhís tar éis éirí níos dírithe ar an gcustaiméir le linn na tréimhse sin.

- **Cláir/Straitéisí Eile:** Le linn 2018, rinneadh dul chun cinn le Clár Idirchumarsáide an Rialtais agus leis an tSeirbhís Faisnéise Rialtais a bhfuiltear tar éis é a shíneadh, le leathadh amach aitheantas Rialtais na hÉireann agus le roinnt Ranna a aistriú go dtí Gv.ie, an tairseach le haghaidh seirbhísí agus faisnéise Rialtais. Cuireadh an obair ar Infreastruchtúr Sonraí Náisiúnta chomh maith le linn na bliana agus tá sonraí maidir leis seo leagtha amach in áiteanna eile sa Tuarascáil Bhliantúil.

  Leanadh ar aghaidh le hobair chun cur leis an inniúlacht chun an bhainistíocht tionscadal a fheabhsú freisin. Thionóil Líonra Bhainisteoirí Tionscadal na Státseirbhíse ceithre mhórimeacht le linn na bliana agus táthar tar éis céimeanna a thógáil i dtreo forleathnú an Líonra agus é a oscailt amach don tseirbhís poiblí go léir. Go dti deireadh 2018, glac impeall 1,300 státseirbhíseach leis an gcúrsa bonnleibhéil sa bhainistíocht tionscadal a cuireadh ar fáil ar OneLearning ó cuireadh tús leis déanach in 2017.

  Leanadh ar aghaidh le clár d'idirchumarsáid agus de rannpháirtíocht ghníomhach don fhoireann lena n-áirítear nuachtlitreacha na Státseirbhíse agus cruinniú halla an bhaile timpeall do státseirbhísigh timpeall na tíre in 2018.

## 5.2. Plean Athnuachana na Státseirbhíse, 2017-2020

Cuimsítear an Plean Athnuachana na Státseirbhíse, 2017-2020 leis an gClár Athnuachana na Státseirbhíse chomh maith. Tugadh tacaíocht dá chuspóirí agus an Roinn ag cur roinnt de na príomhthionscnaimh dá chuid i bhfeidhm de réir na trí tosaíocht straitéiseacha agus an t-aon tosaíocht cumasúcháin amháin sa Straitéis, leis, de réir mar atá leagtha amach thíos.

### 5.2.1. Bí mar Rogha Fostóra

Leanadh ar aghaidh ag cur an Státseirbhís chun tosaigh mar Rogha Fostóra don fhoireann reatha atá ann agus bhaill ionchasacha foirne, agus na tionscadail agus réimsí oibre seo a leanas i measc na slite chun é sin a dhéanamh:

- **An Fhoghlaim agus an Fhorbairt – OneLearning** : is é seo an tIonad Foghlama agus Oiliúna don Státseirbhís. Ón am a tharla an chéad rang OneLearning i mí Mheán Fómhair 2017 go dti deireadh 2018, tá 13,000 láithreacht tar éis a bheith ann ó 44 chomhlacht de chuid na státseirbhíse ar chúrsaí de chuid OneLearning, a tharla ar fud 25 chontae. Tá an obair a rinneadh in 2018 dírithe ar dhearadh, ar fhorbairt, ar sainceapachán, ar phiolótú agus an Chórais Bhainistíocht Foghlama nua (LMS), agus tástáil a dhéanamh air, leis, agus táthar ag súil go gcuirfear tús le scaoileadh amach an LMS in 2019. Leis an LMS, éascófar an fhoghlaim dhigiteach (an ríomh-fhoghlaim,

webinar, físeáin etc.) agus forfheidhmiú Chlár um Scileanna sa Státseirbhís, leis, agus cuirfear leis an rochtain a bhíonn ar ranganna rolluithe oscailte ag an am céanna.

- **Forbairt Iarchéimithe:** Bhí 195 earcach ag leibhéal an Oifigigh Riaracháin agus ag leibhéal an Tríú Rúnaí a chláraíodh ar Chlár Forbartha Iarchéimithe na Státseirbhíse le linn 2018. Clúdaíonn an clár oiliúna ar an láthair oibre raon d'ábhair lena n-áirítear an cheannaireacht, an bhainistíocht tionscadal, an chinnteoireacht éifeachtach, an chuntasaíocht rialtais, an ceapadh beartais fianaisebhunaithe agus an próiseas reachtaíochta. Tugadh rochtain ar cheannairí sinsearacha sa líonra OR do na rannpháirtithe chomh maith.

- Cuireann **an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS)** leis an éifeachtúlacht eagraíochtúil agus í ag tabhairt seirbhísí ar bhonn réigiúnach, rud a chuireann sláinte agus folláine fostaithe chun cinn agus í ag cothú fórsa oibre miotalach. In 2018, bhain 13% de státseirbhísigh atá i mbun oibre úsáid as eolas agus tacaíocht CSEAS maidir le réimse deacrachtaí pearsanta nó/agus oibre. Áiríodh tacaíocht seisiúnach duine-ar-dhuine (8%) agus comhairliúcháin ar an bpointe teileafóin nó ríomhphoist chuig lárphointe theagmhála an CSEAS (5%) leis an tacaíocht seo. Bhí an fócas dírithe ar sheirbhísí do bhainisteoirí líne ar siúl in 2018. In 2018, sheol an CSEAS an Treoir do Bhainisteoirí Foirne mar an acmhainn riachtanach chun tacú agus treoir a thabhairt le bheith de chuidiú do bhainisteoirí freagair do bhaill foirne atá ag tabhairt aghaidh le dúshláin oibre agus le dúshláin an tsaoil.

## 5.2.2. Fórsa Oibre don Todhchaí a Thógáil

Tá roinnt tionscadal ann a cuireadh i bhfeidhm in 2018 chun deimhniú go mbíonn an fhoireann cheart sa Státseirbhís, ag a bhfuil na scileanna cearta acu, agus go lonnaítear iad san áit ceart ag an am ceart, agus ina measc na tionscadal sin, áirítear:

- **An Pleanáil Straitéiseach don Fhórsa Saothair -** Chun cur leis an méid a d'oibrigh go maith i mblianta roimhe seo, agus trí obair a dhéanamh i gcomhar le príomhgheallsealbhóirí, d'fhorbair an Roinn teimpléid pleananna, treoracha agus amlínte nua, simplí, chun pleanáil don fhórsa saothair. Cuireadh iad sin uile le chéile chun cuidiú leis an fhorbairt leanúnach atá á déanamh ar Phleanáil Straitéiseach don Fhórsa Oibre ar fud na Státseirbhíse agus an t-eolas agus na scileanna a thabhairt atá riachtanach chun an cumas pleanála a fheabhsú agus a dhaingniú i ngach Roinn/Oifig.

- **Earcaíocht agus Ardú Céime -** Tá 10,708 ceapachán déanta trí chomórtais oscailte ón am ar osclaíodh na próisis earcaíochta agus arduithe céime, agus ar síneadh amach na deiseanna gairme agus luaineachta sa Státseirbhís i mí Dheireadh Fómhair 2014, ag gach uile leibhéal idir Oifigeach Cléireachais (CO) go dtí Príomhoifigeach (PO). Tharla 2,704 de na ceapacháin sin an bhliain seo chaite. Ritheadh comórtais oscailte ar leith le haghaidh scileanna áirithe ag leibhéal PO/Príomhoifigeach Cúnta (AP) san Acmhainn Daonna; Oifigeach Feidhmiúcháin (EO)/Ardoifigeach Feidhmiúcháin (HEO) sa TFC agus, le fíordhéanaí, fógraíodh printíseachtaí TFC chomh maith. Chomh maith leis sin, ritheadh comórtais le haghaidh iniúchóirí de ghrád EO/HEO agus le haghaidh eacnamaithe agus anailísí polasaí IGEES. Fágfaidh na feachtais earcaíochta seo go méadófar an líon foirne atá corparáideach, gairmiúil, a thagann isteach sa Státseirbhís.

- Tá an **Scéim Luaineachta na Státseirbhíse** á chur i bhfeidhm de réir a chéile i roinnt céimeanna éagsúla. Le Scéim Luaineachta Iomlán na Státseirbhíse (Céim 1A) táthar ag éascú an luaineacht do ghráid ghinearálta an Oifigigh Cléireachais (CO) agus an

Oifigigh Feidhmiúcháin (EO) sa Státseirbhís idir agus laistigh de 46 chrios ar fud na tíre (cé is moite de Bhaile Átha Cliath). Chuaigh sé beo i mí Mheán Fómhair 2018 agus go dtí seo tá timpeall 3,800 ball foirne ann (60% CO: 40% EO) tar éis iarratas a chur isteach, agus tá 50 aistriú tar éis tarlú. Éascóidh céim 1B den scéim, a sheolfar í sa dara leath de 2019, an luaineacht do ghráid ghinearálta an CO agus an EO sa Státseirbhís laistigh de chrios Bhaile Átha Cliath. Éascóidh céim 2 an luaineacht do ghráid ghinearálta an HEO, an EO agus an AP sa Státseirbhís. Tá na céimeanna seo á bhforbairt fós agus seolfar iad in 2020.

- **Luaineacht Príomhoifigeach:** Cuireadh tús feidhme le Scéim Luaineachta Idirranna do Phríomhoifigigh i mí Iúil 2015. Amhail ar mhí Iúil 2018, bhí 64 folúntas fógartha tríd an scéim, agus 35 folúntas líonta tríthi.

- **An Éagsúlacht:** Leanadh ar aghaidh leis an obair chun gníomhartha a fhorbairt le tacú le cothromaíocht inscne a bhaint amach ag leibhéil shinsearacha na Státseirbhíse in 2018. I measc na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2018 mar fhreagra do staidéar a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar bhacainn roimh an rannpháirteachas ag ardleibhéil na Státseirbhíse, d'eisíodh treoir ar phrionsabail gur cheart a bheith curtha san áireamh le haghaidh uaireanta oibre inathraithe.

- **Saineolas Proifisiúnta laistigh d'Fheidhmeanna Corparáideacha a Threisiú**
  Leanadh ar aghaidh leis an obair atá á déanamh chun an saintaithí gairmiúil a neartú maidir le feidhmeanna Bainistithe Acmhainní Daonna, feidhmeanna Airgeadais agus feidhmeanna TFC sa Státseirbhís. Lean Fhoireann Tionscadail na Roinne ar aghaidh ag obair le taobh Cheannasaithe Gairme na bhfeidhmeanna seo le cur i bhfeidhm a straitéisí proifisiúnaithe féin a éascú. Sna hAcmhainní Daonna, is ar an Samhail Oibriúcháin Acmhainní Daonna a bhí an béim is mó dírithe, agus ar Chreatlach agus Caighdeáin Acmhainní Daonna um Ghairmí, chomh maith. Agus an ghairmiúlacht á cur ar an TFC, tá a lán ullmhúchán agus pleanála tar éis a bheith déanta ionas go mbeifí in ann an clár printíseachta TFC a sheoladh go luath in 2019. Maidir leis an Airgeadas, tá páipéar seasaimh tar éis a bheith foilsithe agus moltaí ann i ndáil leis na céad céimeanna eile gur gá tógáil.

## 5.2.3. Bainisteoirí a chruthú, a thacú agus luach a chur leo mar Fhorbróirí Daoine

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair ar thionscadail éagsúla lena léirítear cultúr ina aithnítear luach an dea-bainistíochta foirne ag gach uile leibhéal, chun deimhniú go bhfuil na scileanna bainistíochta foirne is tábhachtaí ag bainisteoirí agus go dtuigeann siad cad é go díreach gur cheart dóibh a dhéanamh sna róil atá acu. Áirítear leo siúd:

- **Seirbhís Poiblí Sinsearach (SPS):** Ar aon dul leis an Straitéis Nua SPS um Cheannaireacht a Fhorbairt 2017-2020, tá roinnt tionscnamh oiliúna agus forbartha saincheaptha curtha le chéile chun cuidiú le ceannairí sinsir sa Státseirbhís le linn 2018, lena n-áirítear Cóitseáil Feidhmiúcháin le haghaidh breis is 40 ceannaire sinsir sé imeacht líonraithe dírithe ar na dúshláin is mó tábhachtach atá ag tabhairt aghaidh roimh an Státseirbhís agus a cuid ceannairí, meantóireacht le haghaidh Rúnaithe Cúnta ar ceapadh iad le déanaí agus éascaíodh luaineacht faoin bpróiseas luaineachta do Rúnaithe Cúnta.

- **An Fheidhmíocht a Neartú:** Chuir an Roinn an Bille Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) le linn 2018 chun na socruithe atá ann chun an fheidhmíocht a bhainistiú sa Státseirbhís

a fheabhsú agus a shimpliú. Chun na críocha sin, bhí gá ann Scéim Ghinearálta an Bhille a fhoilsiú, agus an anailís tionchair rialála atá gaolmhar leis sin, ar an 11 Aibreán 2018, agus bhí gá ann chomh maith cuidiú leis an bpróiseas um scrúdú réamh-reachtach, a tháinig chun críche i mí na Samhna nuair a foilsíodh tuairascáil Chomhchoiste an Oireachtais ar Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus ar Roinn an Taoisigh.

- **Polasaí i leith Tearcfheidhmíochta agus Oiliúint ar Bhainisteoirí Líne:**Tar éis d'oiliúint sonrach maidir leis an Tearcfheidhmíocht agus an Cód Smachta a bheith curtha ar siúl, cuireadh oiliúint ar 13,000 bainisteoir ar an smacht agus ar an tearcfheidhmíocht agus chríochnaigh 712 bainisteoir eile cúrsa oiliúna 3-lá ar an mBainisteoireacht Foirne agus an Tearcfheidhmíocht faoi dheireadh 2018. Deimhneoidh an Roinn go gcuirfear isteach na príomhghnéithe den oiliúint sin sna modúil oiriúnacha ar an mbainisteoireacht foirne a gcuirfear ar siúl trí OneLearning.

- **Oiliúint chun Foireann a Bhainistiú:**Mar chuid den tsraith de chúrsaí ar Obair Foirne agus ar Bhainistíocht Foirne, tá oiliúint oiriúnach do Státseirbhísigh a bhfuil ról bainistíochta foirne acu trí OneLearning. Leis na modúil oiliúna seo cuirfear na daoine a fhreastalóidh orthu ar a gcumas tuiscint a bheith acu ar an ról agus ar na dualgais a bhíonn i gceist nuair is bainisteoir thú sa Státseirbhís agus cuirfear ar a gcumas iad a bheith in ann na scileanna sin atá de dhíth chun deachleachtas chun pearsanra a bhainistiú, chun an feidhmíocht a bhainistiú, chun an promhadh a bhainistiú, chun an coimhlint a bhainistiú, leis an cóitseáil don fheidhmíocht agus chun scileanna meithil oibre a fhorbairt. Cuireadh 174 cúrsa ón tsraith cúrsaí OneLearning ar an Obair Foirne agus an Bainisteoireacht Foirne ar siúl in 2018, is ionann sin agus oiliúint a chur ar fáil do 1,728 státseirbhíseach a bhfuil ról bainisteoireachta foirne acu.

- **An Cheannaireacht Feidhmiúcháin**Rinneadh meastóireacht ar na Cláir Ceannaireachta Feidhmiúcháin (Forbairt Bua) don Fhoireann Sinsear sa Státseirbhís agus do Phríomhoifigigh, a rinneadh triail dóibh le linn 2017, den chéad uair le linn an dara ráithe de 2018. Tar éis meastóireacht a bheith déanta, agus aiseolas ó dhaoine a ghlac páirt a bhí fíordhearfach, táthar tar éis dara sraith de chláir a leathadh amach agus tús curtha leo sa tríú ráithe de 2018. Bhí 21 rannpháirtí ag leibhéal an SPS a ghlac páirt leis agus 40 rannpháirteach ag leibhéal PO, lenar tugadh ionadaíocht ar son raon fairsing de Ranna agus Oifigí an Rialtais.

- **Ionad Barr Saineolais**: Chuir an Roinn triail den Ionad Barr Saineolais AD ar bhun sa chéad ráithe de 2018. Cuirtear seirbhísí ar fáil do sheacht eagraíocht sa státseirbhís leis an Ionad Barr Saineolais. Is é is cuspóir aige ná tacaíocht a thabhairt do ranna maidir le ceisteanna a bhaineann leis an dlí fostaíochta agus cúnamh a thabhairt dóibh chun a bheith gníomhach agus éifeachtach agus iad ag aimsiú réitigh d'fhadhbanna sa láthair oibre. I measc an obair a rinneadh le linn 2018 áirítear bailiúchán staidrimh ar úsáid seirbhísí, ar eispéireas na n-úsáideoirí agus ar rátála sásaimh, agus slat tomhais a fhorbairt chomh maith chun AD agus cumas bainisteoirí líne a thomhas chomh maith. Déanfar athbhreithniú ar thorthaí thrialacha an Ionaid Bharr Saineolais in 2019 chun measúnú a dhéanamh faoinar cheart don tseirbhís a bheith sínte amach.

## 5.2.4. Acmhainní Daonna a aistriú ina Thiománaí Straitéise

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair ar roinnt tionscadal chun deimhniú go bhfreagraíonn an Státseirbhís do na héilimh atá ag athrú de réir a chéile ón ngnó agus lena soláthraíear trí cinn de thosaíochtaí na Straitéise um Pearsanra. Áirítear leo siúd:

- **Tionscadal na Samhla Oibriúháin AD Straitéiseach (HROM):** Táthar i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail AD atá i bhfeidhm sa Státseirbhís faoi láthair, i gcomhpháirtíocht leis an tAonad Leasuithe Struchtúraigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Cuireadh an chéim taighde tosaigh chun críche i Ráithe 3 agus tá sé leis an gCoimisiún faoi láthair le bheith measta. Tá obair á dhéanamh chomh maith, i gcomhpháirtíocht le hionadaithe thar ceann na ceithre roinne trialacha, ar shamhail feidhmiúcháin barrmhaitheasa a fhorbairt, lena mbreacfar amach na feidhmeanna, na róil agus na dualgais a bheidh ag na comhbhaill éagsúla den tsamhail todhchaíoch, ar aon dul leis an dea-chleachtas. Ullmhófar plean cur i bhfeidhm agus cás gnó chomh maith le bheith measta ag Bord um Bhainistíocht sa Státseirbhís faoi mhí an Mheithimh 2019.

- **An Bhainistíocht ar Chaipitil Dhaonna** Tháinig tionscadal taighde, a cuireadh tús leis in 2017, le luacháil a dhéanamh ar roghanna oibriúcháin agus ar chuir chuige theicniúla chun Bainistíocht Chaipitil Dhaonna (HCM) a chur i bhfeidhm ar fud na Státseirbhíse, chun críche i mí Bhealtaine 2018 nuair a cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Grúpa Stiúrtha Teicneolaíochta. Cuirfear gealltanas a tugadh d’iarraidh ar fhaisnéis chun tuiscint a fhorbairt ar fheidhmiúlacht córais atá ar fáil agus ar na costais dóchúla agus na tairbhí féideartha sna margaí san áireamh.

- **Ag Feabhsú an Comhoibriú agus an Fhoghlaim laistigh den Timpeallacht AD:** Tá obair déanta ag an CSHRD ar roinnt tionscnamh le linn 2018 chun feabhas a chur leis an gcomhoibriú agus an fhoghlaim laistigh den Timpeallacht AD. Tá an Roinn ag leanúint le bainisteoireacht a dhéanamh ar Fhóram AD do Bhainisteoirí sa Státseirbhís agus ar Líonra Caidrimh idir Fostóirí agus Fostaithe chun an an phiarfhoghlaim a éascú agus chun cur chuige comhoibríoch a chur chun cinn maidir le cásanna AD a bhainistiú i bpobal AD na Státseirbhíse agus, chomh maith le sin, tá suíomh HIVE sainithe curtha i mbun ag an Roinn don AD chun saineolas agus an dea-chleachtas a chomhroinnt.

- **An Anailísíocht Acmhainní Daonna:** Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fhorbairt méadracht don fhórsa oibre sa státseirbhís chun cur leis an gcinnteoireacht fianaisebhunaithe san AD. Táthar chun na sonraí seo a úsáid mar bhonnlíne chun tairbhí agus tionchair na Straitéis um Pearsanra a thomhas. Cuireadh tús leis an obair chun foirne uirlisí um sonraí AD le haghaidh bainisteoirí líne agus Aonad AD in 2018 agus táthar ag leanúint ar aghaidh faoi leo faoi láthair.

- **Polasaithe Acmhainní Daonna:** Rinneadh polasaithe nua dírithe ar fheabhas a chur le seirhbísí AD a fhorbairt le linn 2018. Ina measc siúd, áirítear polasaí leasaithe um Ró-íocaíochtaí a Fhorchúiteamh (agus é leagtha amach i gCiorclán 07/2018 Ró-íocaíochtaí Tuarastal, Liúntas, agus Speansas a rinneadh le Baill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí a Aisghabháil) ar eisigh ar an 16 Aibreán 2018, agus táthar chun meastóireacht a dhéanamh ar threoir maidir le prionsabail don obair solúbtha.

## 5.3. Saoire Bhreoiteachta sa tSeirbhís Poiblí

D'fhoilsigh an Roinn na staidrimh i ndáil Scéim Saoire Bhreoiteachta sa tSeirbhís Phoiblí in 2017 agus déantar taifead iontu den tionchar atá ag an athchóiriú trasearnála atá á dhéanamh ar an tsaoire bhreoiteachta sa tSeirbhís Poiblí agus a cuireadh tús leis in 2014. Tá laghdú de 0.3% tagtha ar ráta saoire bhreoiteachta 2017 síos go dtí 4.0% agus tá laghdú de 0.7 lá tagtha chomh maith ar an líon laethanta a chailltear mar gheall ar shaoire bhreoiteachta don bhall foirne coibhéis lánaimsire síos go dtí 8.8 lá. Meastar gurb ionann an costas iomlán i gceist leis an tsaoire bhreoiteachta ar fud na Seribhíse Poiblí agus €341.5 milliún don bhliain 2017, agus tá coigilteas carnach de €167 milliún le brath leis sin ar chostas na saoire breoiteachta ó 2013.

Tar éis tréimhse fhada de chomhairliúcháin le hAonaid de chuid na hEarnála Poiblí agus le Cumainn Foirne de bharr athbhreithniú a bhí déanta ar oibriúchán na Scéime a cuireadh chun críche é in 2016, mhol an Chúirt Oibreachais go gcuirfear leasuithe áirithe i bhfeidhm i mí na Samhna 2018 a bhain le cur i bhfeidhm an Luacha Shaothair Athshlánuithe Shealadaigh (TRR) ar fud na Seirbhíse Poiblí. Fágfaidh na leasuithe sin go mbeidh coigiltis ann chomh maith le comhionannas feabhsaithe sa rochtain ar an tsaoire bhreoiteachta íoctha do gach aon duine.

# 6 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

## 6.1. Ár Seirbhís Poiblí 2020

In Ár Seirbhís Phoiblí 2020, an chreatlach le haghaidh fhorbairt agus nuálaíocht na seirbhíse poiblí, a tháinig i bhfeidhm in 2018, cuimsítear 18 ghníomh faoi bhun na trí piléar seo a leanas:

- Ag Soláthar don Phobal seo Againne;
- Ag Nuáil don Todhchaí Againne; agus
- Ag Forbairt ár bPobal agus ár n-Eagraíochtaí.

Chomh maith leis an nuálaíocht agus an obair comhoibríoch ar fud an Rialtais go léir, cuireann an chreatlach béim ar a thábhachtaí is atá soláthar digiteach agus sonraí le héifeachtúlacht níos mó a bhaint amach. Tá fócas láidir ann chomh maith ar eagraíochtaí agus daoine le gníomhartha i réimsí mar acmhainní daonna straitéiseacha, rannpháirtíocht fostaithe, bainistíocht feidhmíochta, agus cultúr agus luachanna, chomh maith le béim atreisithe ar fhíorathruithe agus ar fhíorthorthaí a bhaint amach.

Chun tacú leis chun na críocha sin, táthar tar éis Aonad Measúnaithe Athchóirithe (REU) a chur i mbun sa Roinn. Beidh sé sin ag feidhmiú go comhoibríoch le geallsealbhóirí chun táscairí oiriúnacha a aithint le tomhas a dhéanamh ar conas a éirítear leis na gníomhaíochtaí sa chreatlach ar bhealach atá éifeachtach agus i gcomhréir i gcás gach uile earnáil sa tSeirbhís Poiblí. Táthar chun naisc atreisithe a chur i mbun chomh maith idir an clár athchóirithe agus na próisis caitheachais phoiblí, dála na n-Athbhreithnithe ar Chaiteachas.

Cuireadh ar tús leis na tionscnaimh lárnacha seo a leanas:

- **An Nuálaíocht sa Rialachas:** Tá samhail riachtanais atreisithe, nuálach, curtha i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na ngníomhaíochtaí atá luaite in Ár Seirbhís Phoiblí 2020. Bunaíodh Bord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí (PSLB) i mí an Mhárta 2018 chun an comhcheannaireacht atá de dhíth a chur ar fáil. Tá baill de leibhéal Ard-Rúnaithe/POF ar an mbord seo, a tháinig le chéile ceithre uair le linn 2018, a aimsítear ó Bhord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí agus ionadaithe ó raon fairsing d'eagraíochtaí de chuid na seirbhíse poiblí. Tugann Grúpa Bainistíochta de Ard-Rúnaithe Cúnta agus a gcoibhéis sin ó gach chearn den Státseirbhís agus den tSeirbhís Poiblí tacaíocht don Ghrúpa Bainisteoireachta. Bunaíodh sé Foireann Gníomhaíochta thras-earnála, inar áiríodh saineolaithe ó na hearnálacha éagsúla (an Státseirbhís, an earnáil Sláinte, an Rialtas Áitiúil, earnáil an oideachais, an cirt agus an dlí agus an Costaint) le linn na bliana chomh maith. Beidh iadsan go léir ag comhroinnt a thuairimí maidir leis an dea-chleachtas agus an saineolas, chun na gníomhaíochtaí atá sa Chreatlach a chur ar aghaidh agus chun aon bhacainn chomónta atá ann a phlé.

- **Ag Déanamh Gaisce in Ainm na Nuálaíochta:** Tá roinnt tiomantas daingean le fáil in Ár Seirbhís Phoiblí 2020 go ndéanfar gaisce chun chultúr nuálaíochta a chur chun tosaigh ar fud na Seirbhíse Poiblí. In 2018 fuair an Roinn maoiniú ó chlár na Seirbhíse Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh chun taighde a dhéanamh ar cad é an leibhéal d'aibíocht atá i gceist leis an Nuálaíocht sa tSeirhbís Poiblí in Éirinn agus chun moltaí a dhéanamh, nuair is gá, chun cur leis an leibhéal nuálaíochta sin. Tugadh an tuarascáil sin chun críche i mí na Samhna 2018. Dheonaíodh dara sraith de mhaoiniú leis an roinn le bheith tarraingthe síos le linn 2019 chun cuidiú le hÉirinn roinnt de na moltaí atá sa tuarascáil a chur i bhfeidhm.

- **An Cheannaireacht don Nuálaíocht – Ceardlann OECD le haghaidh ceannairí sinsearacha sa tseirbhís poiblí**: Trí samhail nuálaíochta um scileanna a d'fhorbair Réadlann don Nuálaíocht Seirbhíse Poiblí an OECD mar chreatlach, d'eagraigh an Roinn ceardlann i mí Aibreáin 2018 le haghaidh ceannairí sinsearacha sa tseirbhís poiblí in Éirinn chun scrúdú a dhéanamh ar cad iad na dúshláin agus na réitigh éagsúla ar leibhéal an duine aonair, ar leibhéal na heagraíochta agus ar leibhéal an chórais go bhféadfar a fhorbairt chun an nuálaíocht a thiomaint ar fud rialtas atá ag éirí níos digití de réir a chéile. Cuireadh Grúpaí fócais ar súil chomh maith agus raon d'fhostóirí poiblí ó ranna rialtais éagsúla iontu. Sna sála air sin, i mí an Mheithimh 2018, cuireadh cruinniú ar siúl inar mbailigh grúpa idirnáisiúnta OECD de Státseirbhísigh Shinsearacha, inar mbaineadh tairbhe as torthaí ón gceardlann chun comhairlí a chur ar mbun ar na dúshláin coitinn atá ann a dtugtar leis an nuálaíocht sa rialtas digiteach do cheannairí seirbhíse poiblí agus ar na hidirbhearta a bhfuil triail bainte astu ar fud an domhain chun dul i ngleic leo. Tá an OECD ag réiteach cás staidéir bunaithe ar an obair seo agus foilseofar é sin in 2019.

- **Tuarascáil an Fhorais Riaracháin ar Threochtaí Earnála 2018** Bhí a lán tátal dearfach ag Tuairisc an Fhorais Riaracháin ar Threochtaí 2018 ar fheidhmíocht sheirbhísí poiblí na hÉireann, lena n-áirítear: Bhí Éire sa chéad áit san Eoraip maidir leis an aibíocht um shonraí oscailte in 2017, suas ón 18ú háit in 2015; measann feidhmeannaigh ghnó go bhfuil an caighdeán sa riarachán poiblí in Éirinn níos fearr ná an meán Eorpaigh; tháinig Éire isteach sa 7ú háit i measc na EU28 i gcomhthéacs an táscaire seo in 2018; agus maidir le luachanna na seirbhíse poiblí dála an neamhspleáchas ón tionchar polaitiúil, an iontaofacht agus an cothromaíocht, tagann Éire isteach le scór i bhfad os cionn an mheáin Eorpaigh.

- **An Chomhdháil um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí:** I mí Mheán Fómhair 2018, thionól an Roinn an Chomhdháil Bhliantúil um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, imeacht chun nuálaíocht a chur leis an tseirbhís poiblí atá lonnaithe in marquee. Leis an imeacht seo, tugadh deis do timpeall ar 550 rannpháirtithe ón tSeirbhís Poiblí iomlán dul i dteagmháil le comhghleacaithe a bhfuil an dearcadh céanna acu agus éisteacht le ceannairí smaointeoireachta agus nuálaithe ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, lena n-áirítear saineolaithe ón Eastóin, ón Phortaingéil agus ón RA.

- **Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí:** D'fhoilsigh an Roinn treoirlínte le Pleananna Gnímh do Chustaiméirí agus Cairteacha a ullmhú i mí na Nollag 2018. D'fhorbair an Líonra Oifigeach um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí an Fhoireann Uirlisí do Chumarsáid le Custaiméirí i gcomhar leis an Lárionad um Fheabhas agus Dearadh Uilíoch, agus fuarthas duais as an uirlis sin ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh de bharr an ghnáth-Bhéarla atá le fáil ann, an sampla is fearr ó aon eagraíocht sa chomórtas. Áirítear leis treoir ar phrionsabail ghinearálta um stíl scríofa, cumarsáid bhriathartha agus neamhbhriathartha, dearadh foirmeacha agus doiciméad, inneachar gréasáin agus meán sóisialta agus conas fógraí a chur ar taispeáint. Cuirfidh an Oifig um Athchóiriú agus Seachadadh an fhoireann uirlisí chun cinn trí í a óstáil ar Thairseach na hOifige um Athchóiriú agus í a scaipeadh go forleathan ar fud na Seirbhíse Poiblí.

- **Uathoibriú Próisis Gnó:** Le linn 2018, d'oibrigh an Roinn i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun creatlach comhaontuithe a fhoilsiú le haghaidh an uathoibriú próisis róbatach (RPA). Leis an gcreatlach seo, cuirfear na comhlachtaí go

léir de chuid na seirbhíse poiblí ar a gcumas seirbhísí RPA a fháil ó sholáthraí socraithe, agus déanfaidh sé sin a lán ama agus airgid a choigilt nuair atá siad ag scrúdú an RPA agus á chur i bhfeidhm. Príomhghné den chreat-chomhaontú ná go mbeidh sé in ann scileanna RPA a aistriú ón soláthraí go dtí an chomhlacht seirbhíse poiblí ionas gur féidir leis a bheith lánchumasach sa teicneolaíocht éiritheach seo.

Rinne an Roinn maoirseacht ar thabhairt chun críche triailthionscadal RPA a rinne an tIonad Seirbhíse Comhroinnte d'Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta Chomhairle Chathair Luimnigh agus Chomhairle Chontae Luimnigh comhurraíocht leis. Chuir sé cúnamh saineolaithe ar fáil don FSS chomh maith ar conas a chéad triail a fhorbairt ar leathadh amach RPA, lena bhfuiltear ag súil leis tús a chur lena fheidhmíocht in 2019. Mar chuid de na hoibleagáid leanúnacha chun cur le scileanna seirbhíseach poiblí maidir le samhla malartacha de sholáthar seirbhíse, thionól an Roinn roinnt seisiún faisnéise a bhain leis an RPA, ar ar fhreastail timpeall ar 120 seirbhísigh phoiblí. Faoin am seo, tá an RPA i bhfeidhm in ar a laghad seacht gcomhlacht sa tseirbhís poiblí agus táthar ag déanamh meastóireacht agus tástáil maidir leis in a lán cinn eile.

- **Benefacts:** Déanann an Roinn (in éineacht le Coistí Éireann), comhchistiú ar Benefacts, fiontar sóisialta neamhbhrabúis a bunaíodh chun an obair a dhéanann an earnáil neamhbhrabúis in Éirinn, agus an cistiú leis, a athrú le bheith níos follasaí. Déanann sé seo le bunachar sonraí, lena gcuirtear rochtain saor don phobal do shonraí rialúcháin, airgeadais agus rialaithe maidir le 19,000 eagraíocht, lena n-áirítear gach aon charthanacht chláraithe agus na mílte d'eagraíochtaí neamhbhrabúis eile, dála institiúidí oideachais, fiontair shóisialta agus comhlachtaí spóirt agus gairmiúla. Le linn 2018, lean Benefacts ar aghaidh ag cur ar fáil seirbhís d'ardchaighdeán ag tiomsú, ag rangú, ag aicmiú agus ag tuairisciú sonraí rialála ar an earnáil neamhbhrabúis. Cuireann sé na sonraí sin ar fáil ar Thairseach Sonraí Oscailte an Rialtais, áit inar féidir teacht air saor in aisce.

## 6.2. An Oscailteacht, An Trédhearcacht agus An Chuntasacht

Lean an Roinn ar aghaidh lena gclár athchóirithe dírithe ar rialtas oscailte, cuntasach agus eiticiúil a chur ar fáil. Cuireadh tús leis na tionscnaimh lárnacha seo a leanas:

- **An Chomhpháirtíocht um Rialtas Oscailte** (OGP) - tionscnamh atá i gceist atá ar siúl in 70 tír agus lena bhfuiltear ag iarraidh tiomantais láidre a shocrú ó rialtais chun cur leis an folasacht, chun saoránaigh a chumhachtaigh, chun fhuascailt in aghaidh na héilitheachta, agus chun leas a bhaint as teicnicheolaíochtaí nua chun an rialachas a neartú. Déanann coiste stiúrtha é a riar agus is éard a cuimsítear leis ná rialtais agus eagraíochtaí sochaí sóisialta. Sa Tuarascáil Deiridh Féinmheasúnaithe d'Éirinn ar an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um an OGP 2016-2018 áirítear tuairiscí mionsonraithe ar fhorfheidhmiú gach aon cheann den 15 tiomantas atá sa phlean. Tá an Roinn ag obair leis an gCumann um Rialtas Oscailte a bunaíodh le déanaí chun próiseas níos éifeachtaí le haghaidh cruthú agus forfheidhmiú an chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta eile d'Éirinn a dheara, plean gníomhaíochta a bhfuiltear ag súil leis a bheith curtha faoi bhráid an OGP faoi dheireadh 2019.

- **Sonraí Oscailte:** Lean an obair ar aghaidh ar chur i bhfeidhm an Tionscnaimh um Sonraí Oscailte lena mbaineann an fhéidearthacht go leanfaidh uaidh riarachán níos oscailte, trédhearcaí agus cuntasaí agus buntáistí móra. In 2018m den dara bliain i

ndiaidh a chéile, rangaíodh Éire sa chéad áit ar fad maidir le hAibíocht i leith Sonraí Oscailte ar fud 28 dtír an AE a measúnaíodh i dtuairisc leis an gCoimisiún Eorpach. Chomh maith leis sin, ainmníodh an tairseach um shonraí oscailte le haghaidh duais de chuid Duaiseanna Chruinniú Mhullaigh an Domhain. Ag deireadh 2018, bhí naisc sa Tairseach Sonraí Oscailte náisiúnta le beagnach 9,000 tacar sonraí ó bhreis is 100 foilsitheoir.

Leanadh ar aghaidh leis an leathadh amach d'oiliúint ar shonraí oscailte do chomhaltaí poiblí agus cuireadh creatlach ilsoláthróirí le haghaidh tacaíocht theicniúil sonraí oscailte i bhfeidhm chomh maith le cuidiú le comhlachtaí poiblí i réimsí mar ghlanadh sonraí, anaithnidiú sonraí etc. Tar éis rath phíolótú 2017, lainseáladh Ciste Rannpháirtíochta Sonraí Oscailte do 2018/2019 i nDeireadh Fómhair le húsáid tacar sonraí a chur chun cinn ar an tairseach um shonraí oscailte. Íocadh €16,365 de mhaoiniú san iomlán leis na 13 iarratasóir rathúla. Ghlac an Roinn páirt i roinnt comhdhálacha agus seimineár le linn na bliana, agus d'eagraigh Comhdháil um Shonraí Oscailte i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2018, inar pléadh an téama 'Leas a Bhaint as Sonraí Oscailte' agus bhí breis is 130 toscaire i láthair ann.

## 6.3. Bearta Reachtaíochta agus Bearta Rialachais Phoiblí

Cuireadh ar aghaidh na tionscnaimh lárnacha reachtaíochta agus rialachais phoiblí seo a leanas:

- **An tSaoráil Faisnéise:** Lean an Roinn ar aghaidh ag tacú leis an fhorfheidhmiú agus an fhorbairt polasaí maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Mar chuid de sin, bhí sé i gceist tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil trína dheasc cabhrach do gheallsealbhóirí agus saoránaigh, an lucht gnó, iriseoirí agus acadóirí ina measc, chomh maith le timpeall ar 600 comhlachtaí um an Saoráil Faisnéise. Rinne sé cathaoirleacht ar 8 gcruinniú den Líonra um Shaoráil Faisnéise le haghaidh breis is 500 rannpháirtithe, rinne sé cur i láthair ag roinne comhdhálacha agus ócáidí oiliúna eile, d'fhorbair treoirlínte nua agus chothabháil agus nuashonraigh an t-inneachar ar an suíomh gréasáin um shaoráil faisnéise.

  Táthar tar éis oiliúint a chur ar bhreis is 9,600 seirbhíseach poiblí faoi chreatlach ilsoláthóirí a bunaíodh in 2015, ag cur ar fáil ábhar chomhsheasmhach agus chuí d'oifigigh um shaoráil faisnéise, don lucht déanta cinntí agus d'athbhreithneoirí inmheánacha. Forbraíodh creatlach uasdátaithe, agus déanfar é sin a leathadh amach in 2019.

- **Nochtadh Cosanta:** Tugann an tAcht um Nochtadh Cosanta, a d'fhorbair an Roinn agus a achtaíodh in 2014, réimeas aonair uileghabhálach atá infheidhmithe go ginearálta le haghaidh cosaint oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta. In 2018 bhronn an Roinn conarthaí le creatlaí ilsoláthróirí chun seirbhísí seirbhísí a bhaineann le fáltas nochta cosanta agus le fiosrú a dhéanamh orthu sin do chomhlachtaí poiblí.

  Rinne an Roinn an chéad athbhreithniú reachtúil ar oibriú an Achta, ar foilsíodh i mí Iúil 2018 é. Thángthas ar an tuairim san athbhreithniú nár cheart aon leasuithe reachtaíochta a dhéanamh ag an am sin agus rinne suntas don Treoir AE um Sceithire Eolais, a bhfuiltear á idirbheartú, agus is dóchúil é go bhfágfaidh sé go gcuirfear leasuithe leis an Achta dá bharr. Táthar tar éis coiste idir-rannach faoi choimirce na Roinne a bhunú chun na fadhbanna forfheidhmithe a bhaineann leis a scrúdú.

Tionóladh an chéad cruinniú dá chuid i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus táthar ag súil go mbeidh an clár oibre atá aige ag teacht chun críche sa chéad ráithe de 2019.

- **An Bhrústocaireacht a Rialáil**: Bhunaigh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 clár imeachtaí brústocaireachta gréasánbhunaithe le trédhearcacht chuí ar "cé atá ag déanamh teagmhála le cé mar gheall ar cad é". Ceanglaítear ar bhrústocairí clárú agus a dtuairisceáin a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí (An Coimisiún) má bhíonn siad páirteach in imeachtaí brústocaireachta, le tuairisceáin ag teastáil gach 4 mhí. Cuireadh timpeall ar 30,500 tuairisceán isteach chuig an gclár brústocaireachta agus chláraigh timpeall 1,800 duine agus eagraíocht ar an gclár brústocaireachta.

  In 2018, d'iarraigh an Roinn léirithe spéise chun ceapachán ar dhá phainéal d'oifigigh achomhairc ar leith chun cinntí de chuid an Choimisiúin a athbhreithniú de réir an Achta. Tar éis don phróiseas iomaíoch a bheith críochnaithe, cuireadh aon phainéal amháin le chéile chun achomhairc a éisteacht i mBéarla, agus painéal eile curtha le chéile chun amhlaidh a dhéanamh i nGaeilge. Beidh iadsan a cheapadh ag freastail go dtí an 31 Lúnasa 2022, agus tá an féidearthacht ann síneadh dhá bhliana a chur leis sin.

  I mí na Samhna 2018, sheol an Coimisiún Cód Iompair faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015. Sa Chód, a tháinig in éifeacht ar an 1 Eanáir 2019, tá caighdeáin iompraíochta do dhaoine a dhéanann gníomhartha brústocaireachta leagtha amach.

- **Caighdeáin san Earnáil Phoiblí:** Tá d'aidhm ag an mBille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 an chreatlach reatha le coimhlintí leasa a aithint, a nochtadh agus a bhainistiú a fheabhsú go suntasach agus rioscaí éillitheachta a íoslaghdú ar fud na hearnála poiblí, le bogadh a bhaint amach i dtreo córas comhlíontachta atá níos dinimiciúla agus riosca-bhunaithe agus lena chinntiú go bhfuil an chreatlach institiúideach le haghaidh maoirseachta, fiosrúcháin agus forfheidhmiú láidir agus éifeachtach.

  Foilsíodh an Bille i mí na Nollag, 2015 agus tá an Coiste Dála tar éis 42 cinn dá 66 codanna a shocrú. Tar éis dianchomhairliúchán i gcomhar le comhaltaí de chuid an Oireachtais agus Grúpaí Ionadaíochta Údarás Áitiúil, tá an Rialtas tar éis roinnt leasuithe a shocrú le cur leis agus táthar chun iadsan a mholadh le bheith curtha san áireamh nuair a chuirfear tús le Céim an Choiste Dála den athuair.

  I mí Eanáir 2018, rinneadh dhá Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 483 agus 484 de 2018) chun na comhlachtaí oiriúnacha a thabhairt suas chun dáta, chomh maith leis na stiúrthóireachtaí agus na poist sin a thagann faoi choimirce na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí.

  I mí na Samhna, 2018, bhí ionadaithe thar ceann na Roinne i láthair ag céad chruinniú an Ghrúpa Athbhreithnithe, a rinne James Hamilton an cathaoirleacht air agus lena bhfuiltear ag scrúdú na struchtúir frith-éillitheachta agus frith-calaoise atá in Éirinn chomh maith leis na gnáthaimh atá sa tír chun an dlí coiriúil a fhorghníomhú. Tabharfaidh an Grúpa tuairisc don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi aimsir an tsamhraidh, 2019.

  In 2018, cuireadh tuarascáil ón gCathaoirleach ar an mBord um Cheapacháin Seachtracha (lena ndéantar iniúchadh neamhspleách ar ceapacháin iarfhostaíochta i

gcás státseirbhíseach agus comhairleoirí áirithe a ghlacann leis an bpost laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dóibh éirigh as a bpost sa Státseirbhís nó dul ar scoir chuig an Rialtas, mar eolas.

- **Teagmháil le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta:** Le linn 2018, chuir an Roinn leis an cuairt tíre a thug Rúnaíocht agus Meastóirí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Éillithe (UNCAC) ar Éirinn, agus chuir sé le athbhreithniúchán a rinneadh ar an tslí ina bhfuil Caibidil II (Bearta Coisctheacha) agus Caibidil V (Gnóthú Sócmhainne) de UNCAC curtha i bhfeidhm. Chuir an Roinn ábhar ar fáil do Thuarascáil Comhaill Eatramhach um an gCeithre Bhabhta den Mheastóireacht ar Éirinn de chuid an Ghrúpa Stát In Aghaidh an Éillithe (GRECO) de chuid Chomhairle na hEorpa, a cuireadh faoi bhráid lánseisiún GRECO i mí an Mheithimh, 2018.

# 7 An Rialtas Digiteach

## 7.1. Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO)

Tá téarmaí tagartha fairsinge agus éagsúla ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) lena gcuimsítear:

- soláthar seirbhíse TFC;
- maoirseacht ar caiteachas a bhaineann leis an TFC in iomlán na Seirbhíse Poiblí;
- polasaí teicneolaíochta don Rialtas, lena n-áirítear na cásanna ina mbíonn gnéithe coiteanna aige sin le tionscnaimh de chuid an AE dála an Chláir um an Phlean Gníomhaíochta Ríomh-Rialtais, an chláir ISA[2] agus leis na Rialacháin maidir leis an tairseach aonair dhigiteach agus maidir leis eIDAS; agus
- ceannaireacht a thabhairt chun raon straitéisí a chur i bhfeidhm dála:
  - Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí;
  - an Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais 2017- 2020;
  - forfheidhmiú Ghníomh 1 (*Dlús a Chur leis an Soláthar Digiteach d'Sheirbhísí*) de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 chun tacú leis an fhorbairt agus an nuálaíocht leanúnach ar fud na Seirbhíse Poiblí; agus
  - Straitéis um Shonraí na Seirbhíse Poiblí 2017-2023.

Chun na spriocanna sna téarmaí tagartha atá aige a bhaint amach, déanfaidh an OGCIO:

- A oibriú i **gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais** ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí chun clár oibre trasfhoirmithe an Rialtais a thiomáint ar aghaidh. Glacann sé ról ceannaireachta ar sheachadadh seirbhíse digití agus tionsnamh nuálaíochta ar fud na Seirbhíse Poiblí trí raon polasaithe TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm; tá maoirseacht acu ar chaiteachas a bhaineann le TFC ag Ranna agus gníomhaireachtaí lena chinntiú go bhfuil seo ailínithe leis an Straitéis TFC don tSeirbhís Poiblí, agus straitéisí eile atá ailínithe de réir mar atá leagtha amach thuas; agus déanann siad ionadaíocht ar son na hÉireann ag leibhéal AE maidir le TFC na seirbhís poiblí, ríomhsheirbhísí an Rialtais, agus meithleacha oibreacha príomhoifigigh faisnéise agus fóraim.

- Tá sé freagrach as **seirbhísí TFC a chur ar fáil sa Roinn.** Déanann Coiste Rialachais na Roinne maoirseacht ar na forbairtí agus soláthar seirbhíse TFC don Roinn i gcomhthéacs Creatlaí um Rialachas TFC.
  Ba é 2018 an chéad bhliain iomlán don Chreatlach a bheith i bhfeidhm. Tionóladh cruinnithe ar bhonn míosúil chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá curtha le forfheidhmiú tionscadal agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar idirtheagmháil a dhéantar le baill foirne ó gach cuid den Roinn ar an nDeasc Freastail.

- Chomh maith leis sin tá an OGCIO freagrach as leathadh amach **na gClár Trasfhoirmithe Straitéiseacha TFC agus Digiteach.** Glacann sé ról ceannaireachta ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí chun forfheidhmiú chlár oibre athchóirithe an Rialtais a chur i bhfeidhm sa réimse dhigiteach agus TFC. Tá roinnt fóram éagsúil lena gcuirtear dlúth-thacaíocht don chomhoibriú i dtaca leis na trí tionscnamh sin lena n-áirítear an Bord Comhairleacha um TFC, lena gcuimsítear Príomh-Oifigigh Faisnéise agus Ceannairí TFC na Roinne, chomh maith le hidirtheagmháil le hearnáil na Sláinte agus leis an Rialtas Áitiúil.

## 7.2. Príomhéachtaí Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí 2018

Bhí an Plean Gníomhaíochta 18 gcéim don Straitéis TFC don tSeirbhís Poiblí mar thoradh ar chomhoibriú idir Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus Príomh-Oifigigh Faisnéise ranna agus Ceannairí TFC. Déantar iarracht leis cúig théama straitéiseacha na straitéise a chur ar aghaidh: Tógáil le Comhroinnt, Digiteach ar dTús, Sonraí mar Chumasóir, Rialachas a Fheabhsú, agus Cumas a Mhéadú.  Tá mionsonraí maidir leis an dul chun cinn atá déanta de réir gach aon philéar leagtha amach thíos.

### 7.2.1. Tógáil le Comhroinnt

Leis an bpiléar Tógáil le Comhroinnt táthar ag iarraidh aistriú ar aghaidh go dtí samhail seachadta seirbhíse TFC, chun cur leis an comhtháthú agus leis an gcomhroinnt d'acmhainní ar fud na seirbhíse poiblí leathan agus chun an éifeachtúlacht agus an smacht ar chostais a thiomáint ag an am céanna. Bíonn roinnt cruthanna éagsúla ag an tsraith *Tógáil le Comhroinnt* (BTS) agus tá bonn leathan d'eagraíochtaí ann roimhe seo mar chliaint aici a bhaineann úsáid as roinnt de na seirbhísí BTS, nó iad uile fiú.

- Cuireann **Líonraí Rialtais Thógáil le Comhroinnt** ar fáil na seirbhísí líonra do ghlór, físeán agus sonraí ar ghrád iompróra ar ardluas is éifeachtaí ó thaobh costais, is athléimní, do gach comhlacht seirbhíse poiblí agus cumasaíonn sé nascacht idirghníomhaireachta.

- Tá rochtain ag Comhlachtaí seirbhíse poiblí i dtimpeall 70 bhaile agus cathair timpeall na tíre anois ar nascacht líonra athléimneach ar ardluas, tá an rolladh amach ag dul ar aghaidh ar fud na tíre le linn na bliana agus tá breis is 600 nód líonra ann.  Cuireadh tús le soláthar seirbhíse bainistithe LAN do chomhlachtaí na seirbhíse poiblí in 2018 agus tá roinnt gníomhaireachtaí á úsáid.  Bunaíodh infreastruchtúr Wi-Fi comhroinnte láir chomh maith in 2018, lena gcuirtear comhlachtaí seirbhíse poiblí ar a gcumas líonraí daingne corparáideacha agus líonraí gan sreang do chuairteoirí a chur i bhfeidhm i roinnt láithreán agus an méid is lú d'infheistíocht le bheith curtha sa bhonneagar.

- Le **hIarratais Thógáil le Comhroinnt** cuirtear sraith de fheidhmchláir tacaíochta corparáideach ar fáil le bheith comhroinnte idir gníomhaireachtaí rialtais éagsúla. Tá clár um leathadh amach leanúnach chun na feidhmeanna seo go léir a chur i bhfeidhm ar fud na Ranna agus leanfar ar aghaidh leis, ar bhonn céimnithe, i rith 2019 agus ina diaidh. Tá achoimre ar an staid reatha de ar fáil ag seo thíos>
    - Ríomh-aighneachtaí, córas chun aighneachtaí a bhainistiú go hinmheánach i Ranna - tá siad beo in 12 Roinn faoin am seo,
    - ePQ, córas chun freagraí do Ceisteanna parlaiminteacha go inmheánach i Ranna - tá sé seo beo in 16 Roinn.
    - Ríomh-Chomhfhreagras, córas chun comhfhreagras a fhaigheann Ranna a bhainistiú - tá sé beo in 8 Roinn.
    - Ríomh-Chomhaid (eDocs), córas chun bainistiú ar thaifid laistigh de Ranna - tá sé curtha i bhfeidhm in dhá Roinn faoi láthair na huair, agus táthar dá leathadh amach in 3 Roinn sa bhreis ar sin chomh maith.
    - Ríomh-Shaoráil Faisnéise (eFOI), córas chun iarrtaí um Shaoráil Faisnéise (FOI) - tá sé beo i 4 Roinn faoi láthair.

    - Spás comhoibrithe don Státseirbhís is é Hive a bhfuil rochtain ag gach uile Roinn air, agus ag roinnt comhlachtaí seirbhíse poiblí eile, chomh maith.
    - Intranet, réiteach chruthaitheach inlín le haghaidh an idirtheagmháil inmheánach i Ranna - tá sé beo in 8 roinn faoi láthair.

- **Deasc Tógála le Comhroinnt** - leis an deasc seo cuirtear raon caighdeánach de sheirbhísí TFC comónta do comhlachtaí poiblí. Áirítear leo siúd Ríomhairí Pearsanta, fóin phóca, seirbhísí um thacair táirgiúlachta oifige agus ríomhphoist, seirbhísí teileafóin agus físchomhdhála agus seirbhísí tacaíochta don úsáideoir, chomh maith leis an mbonneagar uile bainteach leo siúd, dála rochtain ar an idirlíon bainistithe agus seirbhísí cibearshlándála.

  Agus síneadh curtha leis na seirbhísí agus iad sínte amach go dtí an Roinn Forbartha Tuatha agus Pobail agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn na bliana, chun cur leis an tacar úsáideoirí atá aige, anois tá an OGCIO mar sholáthróir de sheirbhísí láir TFC do bhreis is 2,300 úsáideoir ar fud breis is 20 láithriú timpeall na tíre. Táthar ag cur pleananna ar aghaidh chun síneadh a chur amach go dtí níos mó Ranna/Oifigí Rialtais le linn 2019.

- **Néal an Rialtais um Thógáil le Comhroinnt** - leis an néal seo táthar chun clár bonneagair um Néal Rialtais comhroinnte, atá láidir, athléimneach agus príobháideach. Tá an cruthú coincheapa don réiteach príobháideach le haghaidh Néal Rialtais críochnaithe agus táthar ag cur tús leis an gcéim thrialach den tseirbhís, agus roinnt iarratais uirthi ag dul beo.

- **Ionad Sonraí Rialtais um Thógáil le Comhroinnt** - leis seo tugtar deis bhreise chun infreastruchtúr a chomhroinnt lena gcumasaítear comhlachtaí seirbhíse poiblí a gcuid bonneagair in áis atá tógadh le sainchuspóir, atá faoi sheilbh an Rialtais agus atá á riar ag an Rialtas. Tá an chéim deartha críochnaithe agus táthar tar éis an iarratas pleanála a chur isteach.

## 7.2.2. Digiteach chun Tosaigh

Ina cháilíocht mar cheannaire chun soláthar de sheirbhísí digiteacha rialtais a thiomáint, tá Oifig Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais fós ag obair leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le glacadh MyGovID a mhéadú, go háirithe go nglacann gníomhaireachtaí Rialtais leis mar ghléas chun teacht ar sheirbhísí digiteacha, agus leis an múnla fíordheimhnithe SAFE a fhorbairt chomh maith.

Le linn na bliana, faoin tionscnaimh *Tógáil le Comhroinnt*, thug an OGCIO ceannaireacht do chlár oibre chun suímh ghréasáin na Ranna uile a comhdhlúthú faoin fhearann gov.ie. Ba é Roinn an Taoisigh an chéad roinn a chuaigh beo ar an suíomh ag tús 2019. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an gclár leanúnach d'obair chun aistriú go dtí suímh ghréasáin de chuid Ranna eile san 18 mí atá amach romhainn.

## 7.2.3. Sonraí mar Chumasóir

D'fhaomh an Rialtas an chéad straitéis maidir le sonraí don tSeirbhís Poiblí le déanaí. Is í aidhm Straitéis na Seirbhíse Poiblí um Shonraí ná sraith de bhearta a shochrú chun feabhas a chur ar an mbealach ina gcuirtear rialachas ar shonraí, ar an mealach ina ndéantar

bainistíocht orhtu agus a athúsáidtear iad i mbealach daingean, éifeachtúil agus follasach ar mhaithe le leas an tsaoránaigh, an luchta ghnó agus an luchta déanta beartas. Tá Oifig Oifigeach Faisnéise an Rialtais ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Phríomh-Oifig Staidrimh agus páirtithe leasmhara eile le tionscaimh a fhorbairt lena gcuirfear na gníomhaíochtaí a ainmnítear sa straitéis i bhfeidhm, chun an bhainistíocht feabhsaithe ar shonraí ar fud an Rialtais, agus soláthar seirbhíse feabhsaithe a chur ar fáil dá bharr.

### 7.2.4. Rialachas a Fheabhsú

Maidir leis an rialachas, tá an OGCIO ag leanúint ar aghaidh ag obair leis na ranna agus na gníomhaireachtaí chun forfheidhmiú an chláir de straitéisí agus de thionscnaimh trasfhoirmithe dhigitigh ar fud an Rialtais a chur ar aghaidh. Tá an Bord Comhairleach maidir le TFC, a thuairiscíonn do Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse trí Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, ag leanúint ar aghaidh le páirt a ghlacadh go rialta i seachadadh an Phlean Gníomhaíochta 18 gcéim agus le maoirseacht a dhéanamh air. Chomh maith leis sin, agus go háirithe agus é ag tabhairt ceannaireacht do Ghníomh 1 d'Ár Seirbhís Phoiblí 2020, *Dlús a Chur leis an Soláthar Digiteach d'Sheirbhís*, bíonn idirtheagmháil rialta ag Príomh-Oifigeach an Rialtais le comhphlé agus comhroinnt smaointe a spreagadh idir rialtas lárnach agus áitiúil, an Garda Síochána agus earnálacha Oideachais.

### 7.2.5. Cumas Méadaithe

Chonacthas dul chun cinn maith i mbliana i gcur i bhfeidhm Straitéis TFC chun Acmhainní Daonna a Ghairmiúlú, a bhfuil tús curtha leis mar chuid de thionscamh Tógáil le Comhroinnt. Is é uaillmhian na straitéise seo, lena gcuimsítear 15 ngníomh, a chinntiú go bhfuil an meascán ceart scileanna, eolais agus saineolais ar fáil ag an Státseirbhís go hinmheánach le seirbhísí rialtais digiteacha a sheachadadh do shaoránaigh, gnólachtaí agus státseirbhísí.

Tá an Grúpa Oibre TFC um AD, gur fhoghrúpa é den Bhord Comhairliúcháin um TFC agus lena n-áirítear Rannóg Polasaí Acmhainní Daonna na Státseirbhíse de chuid na Roinne agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, ag cur roinnt gníomhaíochtaí ar aghaidh le haghaidh dromlach gairmiúil don TFC, lena dtugtar tacaíocht dó le hearcaíocht oiriúnach, le bearta coinneála agus luaineachta, chomh maith le creatlach um fhorbairt scileanna agus tacar d'idirbheartaochtaí foghlama. Chuige sin, tá timthriall nua de chomórtais earcaíochta le haghaidh poist TFC le bheith seolta go luath in 2019. Áirítear leis seo Clár Speisialaithe Printíseachta TFC, scéim dhá bliana *toill mar a fhoghlaimíonn tú* atá bainteach le FastTrack to IT (FIT), an soláthróir náisiúnta comhordánuithe le haghaidh Printíseachta TFC, lena bhfuiltear ag iarraidh foinse nua tallaine le haghaidh TFC sa státseirbhís.

## 7.3. Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais 2017 - 2020

Tá taca curtha faoin Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais 2017 - 2020 ag gealltanas an Rialtais a bheith oscailte, solúbtha agus comhoibríoch lenár saoránaigh agus gnólachtaí, ag úsáid digitiú agus teicneolaíochta le héifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú agus seirbhísí poiblí a fheabhsú gan stad. Tá roinnt bunphrionsabail taobh thiar de, ailínithe le Plean Gníomhaíochta Ríomh-Rialtais an AE 2016-2020 lena dtiomáinfear a fhorfheidhmiú - Digiteach mar Réamhshocrú; an Prionsabal Uair Amháin; An Ionchuimsitheacht & An

Inrochtaineacht; An Oscailteacht & An Trédhearcacht; An Trasteorann mar Réamhshocrú; Idir-inoibritheacht mar Réamhshocrú; agus An Iontaofacht & An tSlándáil.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le dul chun cinn a bheith déanta chun gach aon cheann de na 10 bpríomhghníomh den Straitéis a bhaint amach i gcomhthéacs chlár oibre uileghabhálach an OGCIO ar fud raon fairsing de straitéisí agus tionscnaimh.

## 7.4. Seirbhís na Seirbhíse Poiblí um Shonraí 2019 - 2023

Tá an Straitéis um Shonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023 taobh thiar de raon de thionscnaimh atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Forbraíodh é seo i gcomhairle le na Ranna uile, an Phríomh-Oifig Staidrimh san áireamh, agus tá fís mhionsonraithe leagtha amach ann, agus sraith de spriocanna agus gníomhaíochtaí, chun cur chuige uile-rialtais nasctha-le-chéile, leis an tslí ina ndéantar bainisteoireacht sa tSeirbhís Poiblí. Is é an aidhm atá aige ná sraith de bhearta a shocrú chun feabhas a chur ar an mbealach ina gcuirtear rialachas ar shonraí, ar an mealach ina ndéantar bainistíocht orthu agus a athúsáidtear iad i mbealach daingean, éifeachtúil agus follasach ar mhaithe le leas an tsaoránaigh, an luchta ghnó agus an luchta déanta beartas.

Cuireann an straitéis le tionscnaimh um sonraí atá ann roimhe seo dála an Infreastruchtúir Sonraí Náisiúnta, a bhaineann le daoine, gnólachtaí nó láithreáin a bheith aitheanta; agus an Bille um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, ina bhfuil leagtha amach creatlach dlíthiúil le haghaidh comhroinnt agus rialachas sonraí ar fud an Rialtais. Tá an straitéis seo dírithe ar an tslí ina bhfuil an Rialtas chun cur leis na tionscnaimh seo, agus le conas sonraí a athúsáid ar bhealach atá slán agus follasach, ag cur seirbhísí ar fáil agus ag cruthú polasaithe ar bhealach atá níos nua-aimseartha, níos solúbtha agus níos eolaí.

Beidh baill níos fearr ar an Rialtas chun freagairt do na héilimh seirbhíse ar bhealach solúbtha trí:

- Ag cur seirbhísí digiteacha atá comhtháite agus comhcheangailte, ó cheann ceann ar fáil;
- Próisis feabhsaithe don cheapadh beartais agus don mheasúnú beartais;
- Feabhas a chur ar chosaint agus ar thrédhearcacht phróiseáil sonraí pearsanta; agus
- An riarachán a laghdú trí ísliú a chur ar an gá atá ann do ghnólachtaí agus saoránaigh na sonraí céanna a chur ar fáil arís is arís eile.

## 7.5. Teagmháil ag Leibhéal an AE & ag an Leibhéal Idirnáisiúnta

Le linn na bliana, lean Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar fhorbairtí agus rinne ionadaíocht ar Éirinn ag imeachtaí idirnáisiúnta nuair ba chuí. Go háirithe, bhí Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais i dteagmháil le coistí agus meithleacha oibre AE lena n- áirítear:

- Coiste ISA[2] an Choimisiúin Eorpaigh agus grúpaí gaolmhara;
- Bord Stiúrtha an Phlean Gníomhaíochta Eorpaigh um Ríomhsheirbhísí Rialtais;
- coistí teicniúla agus coistí polasaí le haghaidh IDAanna; agus
- An Pháirtíocht Eorpach um Blocshlabhra

Rinne Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ionadaíocht ar Éirinn ag idirbheartaíocht ag Meitheal Oibre na Comhairle ar Iomaíocht agus Fás maidir le Moladh an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh Rialáil d'Aon Gheata Digiteach Amháin [Com (2017) 256]. Tháinig an Rialachán Digiteach Aonair i bhfeidhm an 11 Nollaig 2018.

In Innéacs nua an Gheilleagair Dhigitigh agus Sochaí an AE 2018, atá ina innéacs ilchodach a choimríonn táscairí ábhartha ar fheidhmíocht digiteach na hEorpa, tá Éire san 6ú háit as measc na 28 mballstát, is é sin a rá céim chun feabhais de dhá áit ó 2017. Leanfaidh teagmháil leis an AE ar aghaidh mar fhócas tábhachtach d'Oifig Phríomh- Oifigeach Faisnéise an Rialtais le linn 2019.

# 8 An Soláthar Poiblí

## 8.1. Athchóiriú ar an Soláthar Poiblí

Tugann an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) comhairle don Aire, don Aire Stáit agus don Rialtas agus tugann sé ceannaireacht ar fhorfheidhmiú an chláir athchóirithe um cheannachán mar chuid den athchóiriú atá á dhéanamh ar an earnáil phoiblí leathan. Le linn 2018, chuir an tAire tús le próiseas comhairliúcháin lena comhghleacaithe Rialtais ar fhorfheidhmiú an chláir go dtí seo agus ar an mionchoigeartú atá le déanamh ar an tsamhail um Cheannachán Láir. Chomh maith leis sin, táthar ag dul i mbun comhairle leis an nGrúpa Comhairliúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SME), an Fheidhmeannach Ceannacháin agus Bord an OGP agus cuirfear leis an treo agus an cruth a mbeidh ag an gceannachán poiblí amach anseo leis an aiseolas a bhfaighfear ón gcomhairliúchán sin.

Maidir leis na tiomantas do Chlár an Rialtais, thóg an OGP an comhairliúchán leis an nGrúpa Comhairleach um SME ar mholtaí ón tSeirbhís um Chomhairliúcháin Soláthair chun críche, agus d'athsheol an Aire Stáit i mí Iúil. Rinne an tAire Stáit cathaoirleacht ar na cruinnithe ráithiúla de chuid an Ghrúpa Chomhairligh um SME agus cuireadh tús ar thuillteanas a bhaineann le bunaíocht oifige Ombudsman Ceannacháin. Tháinig an athbhreithniú de chuid an OGP ar an tairseach le haghaidh ar RíomhThairiscintí chun críche mar chomhaontas gur cheart don tairseach fanacht gan athrú ionas go dtabharfar tacaíocht do phrionsabail na hoscailte agus na trédhearcachta.

Lean an OGP ar aghaidh ag forbairt an Creatpholasaí Náisiúnta um Sholáthar Poiblí, an creatpholasaí uileghabhálach le haghaidh soláthar phoiblí in Éirinn. Táthar tar éis Nótaí Eolais a ullmhú maidir le: Breatimeacht; Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an GDPR); Gnéithe Sóisialta a Chuimsiú sa Cheannachán Poiblí; agus Ríomh-Dhoiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (eESPD).

Lean an tAonad Polasaí ar aghaidh ag dul i dteagmháil, go honnghníomhach, le líonra fairsing de gheallshealbhóirí, lena n-áirítear an tOireachtas, lucht tionsclaíochta, comhlachtaí na hearnála poiblí, agus ag bonn Idirnáisiúnta agus ag bonn an AE araon.

## 8.2. Creata um Sholáthar don Earnáil Phoiblí

Lean an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) ar aghaidh leis an gClár Athchóirithe Soláthair a stiúradh, i gcomhar lena comhpháirtithe sna hearnálacha Sláinte, Oideachais, Rialtais Áitiúil agus Cosanta. Bhunaigh sé 29 creat breise, 33 conradh shaincheaptha agus breis agus 1,089 mionchomórtas san iomlán chun cuidiú le comhlachtaí sa tseirbhís poiblí earraí agus seirbhísí a fháil. Faoin am seo tá breis agus 130 comhaontas creatlaí i bhfeidhm aige. In 2018, chuir foirne foinsithe 1,122 comórtas san iomlán agus is ionann breis is €1.3 billiún agus an caiteachas measta i gceist leis sin (€390.2 milliún sa bhliain).

Thug an OGP tacaíocht leis an gceannachán ardleibhéil agus le straitéis conraitheoireachta do thionscadail ar fud an Rialtais i rith na bliana, lena n-áirítear cur i gcrích creatlaí náisiúnta le haghaidh na bainistíochta dramhaíola lena gcuirtear an deighilt dramhaíola inbhuanaithe chun cinn, agus creatlach nua um earraí indiúscartha lónadóireachta lena gcuimsítear raon de roghanna inmhúirínithe mar mhalairt do phlaistic aonúsáide. Cuireadh creatlach i bhfeidhm chun innill dóiteáin a sholáthar d'údaráis dóiteáin áitiúla a ndéanann dhá chuideachta SME iad a sholáthar.

Bhain foirne foinsithe de chuid an OSP tionscadail ardíomhá amach dá gcliaint lena n-áirítear: soláthar sár-ríomhaire nua d'Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil; tacaíocht don OPW chun bainistíocht a dhéanamh ar Chuairt an Phápa; agus seachadadh raon de chonarthaí seirbhísí do Choláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór.

Bhain an OGP duaiseanna um cheannachán amach le linn na bliana don Phunann TFC sna catagóirí Sármhaitheas san Oideachas Ceannacháin agus Sármhaitheas i Soláthar Teic agus Teileachumarsáid.

## 8.3. An Chaiteachas ar Sheirbhísí Poiblí agus ar an Anailís ar Thairiscintí

De réir an dualgais atá ar OGP trédhearcacht i gcúrsaí soláthair phoiblí a mhéadú, agus d'fhonn anailísíocht sonraí maidir le caiteachas poiblí ar earraí agus ar sheirbhísí a fheabhsú, sheol an tAire Stáit Tuarascáil ar Chaiteachas sa tSeirbhís Phoiblí agus ar Anailís ar Thairiscintí, 2016 i mí Dheireadh Fómhair.  Is é seo an ceithre thuarascáil dá leithéid ar ullmhaigh an OGP í.  Rinneadh anailís ar bhreis is €4.7 billiún, nó beagnach 80% den chaiteachas measta ar cheannacháin phoiblí don bhliain faoi shainchúram an OGP agus a cuid pháirtithe san earnáil. Rinneadh scrúdú inti ar bheagnach 4,000 fógra um tairiscintí seirbhíse poiblí, a raibh luach measta de €6.8 billiún i gceist leo ar foilsíodh ar an gclár náisiúnta um cheannachán, eTenders.gov.ie. Nochtadh sa tuarascáil gur bhain 94% den chaiteachas a ndearnadh anailís air le gnólachtaí sa Stát agus bhain an chuid is mó de le fiontair bheaga agus mheánmhéide

## 8.4. Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Tuigeann an OGP go mbíonn gá le comhairliúchán agus rannpháirtíocht le gach páirtí leasmhar a mbíonn baint acu le soláthar poiblí.  Tá mionsonraí maidir le hidirghníomhaíochtaí le linn 2018 leagtha amach thíos:

- **Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide:** Déanann an tAire Stáit cathaoirleacht ar an nGrúpa Sainchomhairleach um SME a tháinig le chéile 4 uair in 2018. Athsheoladh an tSeirbhís Comhairleach um Thairiscintí (TAS) de thoradh ar an obair a bhí déanta aige i mí Iúil 2018 agus aitheantas físeach nua aige, láithreacht mhéadaithe gréasáin agus ábhair fógraíochta tacaíochta. Sheoladh físeán inar gcuireadh cuspóir agus deiseanna na seirbhíse chun cinn i mí na Samhna.

  Tá an AG tar éis straitéis chumarsáide a fhorbairt chun deiseanna chun páirt a ghlacadh sa cheannachán poiblí san earnáil phoiblí a chur chun cinn.  Áiríodh leis seo clár de chruinnithe céadphroinne a thug InterTradeIreland, chomh maith le forbairt de shraith físeán ina mhínítear próiseas ceannacháin agus cás-staidéir ar SME ar éirigh leo conarthaí a shocrú tríd an soláthar poiblí a chur ar fáil. Bíonn siad sin ar fáil ó shuíomh an OGP agus ar bhealach YouTube an OGP.

- **Ceannaitheoirí agus Soláthróirí:** Is minic a thagann an OGP le chéile le ceannaitheoirí agus soláthróirí trína rannpháirtíocht in imeachtaí áirithe ar fud na tíre ina gcuireann sé eolas praiticiúil agus comhairle ar fáil do cheannaitheoirí agus do sholáthróirí faoi na socruithe láir atá á gcur i bhfeidhm, faoin dóigh le hardán náisiúnta soláthair an rialtais, is é sin eTenders a úsáid, faoi rialacha soláthair agus faoi dheiseanna atá ag teacht.  Ghlac ionadaithe ón OGP páirt i mbeagnach 50 imeacht le

linn na bliana agus breis is 5,000 freastalaí ann. Seoladh straitéis idirchumarsáide níos ghinearálta chun cur leis an rannpháirtíocht sa bhreis ó sholáthróirí agus ó chliaint chomh maith le feasacht phoiblí a ardú maidir le luach soláthair straitéisigh, chomh maith in 2018 agus cuireadh i bhfeidhm é i rith na bliana.

- **Cliaint san Earnáil Phoiblí** Leanann Bainisteoirí Príomhchuntas (KAMS) de bheith rannpháirteach ar bhonn rialta le cliaint san earnáil phoiblí chun tuiscint ar agus rannpháirtíocht i réitigh soláthair láir agus chun tacú le cleachtais straitéiseacha soláthair a fhorbairt. Lean Deasc Chabhrach na Rannóige Seirbhíse do Chustaiméirí de bheith i dteagmháil go díreach le cliaint san earnáil phoiblí agus le soláthróirí agus bhainistigh breis agus 10,000 fiosrú faighte ó chomhlachtaí agus ó sholáthraithe de chuid na státseirbhíse is na seirbhíse poiblí. Foilsíodh nuachtlitreacha ráithiúla le haghaidh geallsheallbhóirí agus sceidil de shocruithe reatha agus de shocruithe atá le teacht ar líne gach ráithe agus nuashonraithe leathshlí fríd an ráithe.

- Thug an OSP faoi an chéad **suirbhé um shástacht cliant** dá chuid a chur i mbun agus fuarthas 354 freagraí tríd ó raon fairsing de chliaint. Nochtaigh cliaint ardleibhéil de shásamh le socruithe um íostarraingtí díreacha (83% sásta), le Bainisteoirí Cuntas Príomhúla (77% sásta), agus leis an ndeasc cúnaimh OGP (74% sásta). Dúirt 83% de na cliaint a d'úsáid na seirbhísí OGP go raibh sé dóchúil go n-úsáidfidís iad uair éigin eile. Táthar tar éis plean gníomhaíochta chun déileáil le moltaí cliant maidir le feabhsuithe a fhorbairt a chur i bhfeidhm i rith 2019.

## 8.5. Úsáid bhreise a bhaint as an Teicneolaíocht Dhigiteach

Lean an OGP ar aghaidh ag obair le comhlachtaí earnála poiblí dá dtugadh tascanna dóibh chun tionscadail oibreacha poiblí a sholáthar a bhaineann le Samhlú Faisnéise Foirgníochta (BIM), gur cuid den Straitéis Rialtais chun Úsáid Bhreise a bhaint as an Teicneolaíocht Dhigiteach maidir le tionchar faoin chuid den NDP a mhaoinítear tríd an gCáinaisnéis. Mar chuid den obair seo, cuimsítear forbairt teimpléid doiciméid agus scóipe de cheanglais seirbhíse a chuirfear leis na húdaráis conraitheoireachta chun ghlacadh leis an tSamhlail Faisnéise Foirgníochta (BIM).

Sna míonna tosaíochta den chlár, rinne teagmháil idir bungheallsealbhóirí chun an rialachas agus an ionadaíocht earnála a chur i mbun agus chun cur leis an feasacht atá ann ar an gcomhthéacs ina bhfuil an clár á rithe chomh maith leis na cuspóirí atá ann san earnáil phoiblí leathan.

Cuireadh feabhas le oibriúcháin Seirbhíse do Chustaiméirí agus Foinsithe an OGP trí chur i bhfeidhm sreafa oibre nua agus réiteach um Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí. Cuireadh leis an inniúlacht ata ag an clár náisiúnta um ríomhthairiscí de chuid an Rialtais chomh maith, trí Ríomh-Dhoiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (réiteach eESPD) a chur i bhfeidhm.

## 8.6. Clár um Shonrascadh Leictreonach

Bhunaigh an OGP an Clár um Shonrascú Leictreonach mar fhreagra don Treoir Eorpach 2014/55/AE lena n-iarrtar ar chomhlachtaí poiblí a bheith in ann sonraisc leictreonacha a fháil agus a phróiseáil sa soláthar poiblí faoi mhí Aibreáin 2019 don Rialtas Láir, agus faoi

mhí Aibreáin 2020 don fho-Rialtas Láir. Tá breis is 4 milliún sonrasc faighte agus próiseáilte gach uile bhliain ag comhlachtaí poiblí in Éirinn agus táthar ag súil leis go ndéanfaidh an gluaiseacht go dtí an Ríomhshonrascadh tairbhí a bhaint amach maidir le héifeachtaí agus an timpeallacht.

Táthar tar éis an Clár a chur ar aghaidh ar thrí thaobh phríomhúla:

- Cuireadh tús le **feachtas cumarsáide** fairsing agus dírithe, 'Ríomhshonrascadh Éireann' chun cur leis an feasacht agus an tuiscint atá san earnáil phoiblí ar a n-oibleagáidí a thagann as an Treoir agus chun cur chuige a chur i mbun chun glacadh leis an Ríomhshonrascadh sa cheannachán poiblí. Tá pobal curtha le chéile le Ríomhshonrasc Éireann de bhreis is 240 comhalta a bhaineann le conarthaí Ríomhshonrasuithe thar 100 eagraíocht Rialtais. I mí Bealtaine 2018, cuireadh cuireadh ar an OGP, le bheith ina shampla den dea-chleachtas, chun taispeáint ag ócáid ríomhshonrascuithe de chuid Mhargadh Aonair Digiteach an Choimisiúin Eorpaigh sa Bhruiséil ar chur chuige na hÉireann roimh an idirchumarsáid sa Treoir um an ríomhshonrascadh.

- Rinneadh **Creatchomhaontuithe Náisiúnta** le haghaidh soláthar de réitigh sonrasc leictreonach comhlíontach don earnáil phoiblí a fhorbairt trí phróiseas comhairliúcháin lena n-áiríodh taighde margaidh, comhairliúchán poiblí, agus comhobair leanúnach le hionadaithe earnála ón Rialtas Láir, ó earnáil na Sláinte, ón earnáil Oideachais agus ón Rialtas Áitiúil. Beidh an chreatlach ar fáil do chomhlachtaí poiblí i mí an Mhárta 2019.

- Tá **Shamhail Náisiúnta Don Chur i nGníomh** de dhíth atá in ann freastal ar an idir-inoibritheacht ar fud na hEorpa. Chun é sin a chur i gcrích, in Éirinn ghlacadh le húsáid PEPPOL, líonra agus sraith de chaighdeáin uile-Eorpacha le haghaidh an aistriú leictreonach de dhoiciméid ghnó a bhaineann leis an soláthar. I mí Eanáir, rinneadh údarás PEPPOL as Éirinn laistigh de OpenPEPPOL, céim ríthábhachtach chun an bealach a réiteach do shamhail bhuan don ríomhshonrasadh in Éirinn agus ceann lena dtugtar guth d'Éirinn sa rialachas agus an fhorbairt reatha den ríomhshonrascadh agus den ríomhsholáthar i gcomhthéacs Eorpach.

  Tugann an OGP ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag an gCoimsiún Eorpach laistigh den Fhóram um Iol-Pháirtithe Leasmhara na hEorpa ar Shonrascú Leictreonach, a roinneann eispéiris maidir le polasaí um shonrascú leictreonach agus cinntí agus torthaí maidir le cur i bhfeidhm, agus cuirtear leis an polasaí sa Choimisiún Eorpach leis chomh maith. D'éascaigh an OGP freisin roinnt comhlachtaí poiblí agus oibritheoirí eacnamaíochta Éireannacha chun iarratais a chur isteach le haghaidh maoiniú ón Eoraip (CEF 2018) le haghaidh oibreacha a bhain le sonrascú leictreonach agus atá ag teacht leis an gcur chuige náisiúnta.

## 8.7. Straitéis an OGP um Pearsanra

Rinne an OGP Straitéis um Pearsanra a dhear agus a fhorbairt le linn na bliana, chun tacú leis a gcuid cuspóirí a bhaint amach agus chun tionchar dearfach a bheith aige ar an gcultúr eagraíochtúil ann as seo amach. Cuimsítear leis seo: Fóram um Rannpháirtíocht Fostaithe a bhunú, agus idirtheagmháil a dhéanamh leis, a bhfuil ionadaíocht air thar ceann na ngrád uile agus na láithreáin uile; agus Ceardlanna Rannpháirtíochta Fostaithe a thionól agus breis is 80% den eagraíocht ag freastal ar an gComhdháil Foirne Bhliantúil, chun cur leis na téamaí láir den Straitéis um Pearsanra nua atá ag an OGP - EMPOWER. Tugadh aird do na

hiarrachtaí seo ag na Duaiseanna AD le déanaí inar roghnaíodh an OGP don bhabhta ceannais as an obair a rinneadh ann maidir leis an Rannpháirtíocht Fostaithe.

Leanadh ar aghaidh leis an bPolasaí um Oideachas Breise den OGP a bheith ina ghné lárnach den chlár foghlama agus forbartha (L&D), ag cuir leis an saineolas inmheánach atá ann maidir lena bpearsanra agus ag cur le forbairt an OGP le bheith ina 'Ionad Barr Feabhais'.  In 2018, tá leibhéal an-ard fós ag baint leis an rannpháirteachas sa bhreisoideachas, agus tacaíocht á tabhairt do bhreis is seasca fostaí.  Cuir foireann L&D an OGP ceardlanna nuálaíochta nua ar siúl ar an síceolaíocht dearfach agus ar an éirim mhothúchánach agus leanadh ar aghaidh le sraith de thionscnaimh oiliúna a chur le chéile ón gcreat OneLearning lena gcumasaítear forbairt na scileanna oiriúnacha chun tacú leis na dualgais atá ag gnólachtaí. Tá an infheistíocht seo atá déanta sa phearsanra le brath i dtorthaí Shuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe sa Státseirbhís 2017, inar tuairiscíodh marcanna san L&D a bhí i bhfad níos airde ná an meánscór sa Státseirbhís.

Tionóltar imeachtaí Halla Baile rialta i ngach aon oifig OGP chun comhairle a thabhairt don fhoireann go léir maidir le forbairtí laistigh den eagraíocht agus chun deis a thabhairt don fhoireann dul i dteagmháil le bainisteoirí sinsearacha.  Tionóladh comhdháil den fhoireann go léir i mí Mheán Fómhair 2018.

# 9 Ag Tacú lenár mBaill Foirne le Cuidiú leo a Misean a Bhaint Amach

## 9.1. An Straitéis um People@PER

Tá an tAonad Straitéise AD ina phríomhchumasóir a ligeann don Roinn a bpríomhchuspóirí caiteachais agus athchóirithe a chur i gcrích trína chinntiú go déanann baill foirne cion chomh héifeachtach agus is féidir agus go bhfuil na scileanna agus an t-eolas acu is gá leis na héilimh seo a chomhlíonadh. Tá sé freagrach as seachadadh Straitéis um People@PER 2017-2020 na Roinne agus as raon leatha seirbhísí AD a sholáthar.

Tá an Straitéis seo bunaithe ar roinnt prionsabal, agus creatlach le rolladh amach tionscnamh dírithe ar dhaoine a threorú, ag tacú le cuspóirí na roinne a bhaint amach agus tionchar dearfach a imirt ar ár gcultúr eagraíochtúil. Tá na téamaí atá sa straitéis a ailíniú ansin le Ráiteas Straitéis na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 2016-2019, an Clár Oibre Athnuachana na Státseirbhíse, Straitéis um Pearsanra na Státseirbhíse 2017-2020 agus Ár Seirbhís Phoiblí 2020.

Ceann de na príomhchuspóirí straitéiseacha seo a aithnítear sa straitéis People@PER is ea 'luach a chur ar an ilchineálacht agus tacú le lucht oibre ionchuimsitheacht'. Ghlac an Roinn go réamhghníomhach leis an ilchineálacht in 2018 agus rolladh amach roinnt de na gníomhaíochtaí seo leis aitheantas na hilchineálachta a dhaingniú ar fud na heagraíochta. Leanadh ar aghaidh le cleachtadh diagnóiseach i leith na hinchineálachta agus na hionchuimsitheachta (D&I) chun tuiscint a bhaint as an taithí a bhíonn ag fostaithe na Roinne maidir leis an inchineálacht agus an ionchuimsitheacht agus chun déanamh amach cad é an staid reatha sa Roinn maidir leis an D&I sa Roinn. Lean an grúpa tras-rannach PERspectives, a bunaíodh chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise People@PER chun clár oibre maidir leis an inchineálacht a thabhairt ar aghaidh agus ar mhaithe le cultúr ionchuimsitheach a chur ina luí ar fud na Roinne. Clúdaítear leis an obair a dhéanann an Roinn sa réimse seo chomh maith leis an Dualgas Seirbhíse Poiblí atá leagtha amach san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 faoi Alt 42.

## 9.2. Páirtíocht Ghnó AD

Leanadh ar aghaidh ag leabú fheidhm na páirtíochta gnó a thuilleadh ar fud na Roinne ag gníomhú mar sheirbhís comhairliúcháin/chomhairleach d'ardbhainisteoirí agus do bhaill foirne le sinn a thacú chun an t-athrú a thiomáint.

Leanadh ar aghaidh le cur chuige straitéiseach i ndáil leis an leithdháileachán d'acmhainní foirne a chur i bhfeidhm ar fud na Roinne, chun deimhniú go ndéantar acmhainní a bheith ailínithe le tosaíochtaí gnó. Tháinig an Grúpa Pleanála Luchta Oibre le chéile fós ar bhonn rialta le hathbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar fhorbairtí / tionscnaimh nua maidir le polasaí AD.

Chomh maith le tacú le rannóga trí Cheardlanna Pleanála Gnó bliantúla a éascú, thacaigh na comhpháirtithe gnó chomh maith le hearcú agus socrú 100 ball foirne sa Roinn agus d'oibrigh go dlúth le bainisteoirí IGEES ar fheachtais earcaíochta shaincheaptha i rith na bliana.

Rinne an tAonad bainistíocht chomh maith ar líon mór cásanna AD agus fiosruithe casta a bhain le idirchaidreamh fostaithe.  Dírítear fós ar chaidrimh sheasmhacha thionsclaíocha a choinneáil trí mheicníocht fhoirmiúil Chomhairle na Roinne agus trí theagmháil leanúnach le hionadaithe ó thaobh na foirne.

## 9.3. Oibríochtaí AD

Leanadh leis an fheidhm earcaíochta agus roghnaithe ról tábhachtach a bheith aici ag tacú leis an Roinn clár athchóirithe dúshlánach a chur i gcrích. Tá coinneáil fós ag tabhairt dúshláin agus d'earcaigh an tAonad 85 ball foirne agus bhainistigh sé 48 ball foirne ag imeacht, díreach de bhun 35% díobh a bhí ag imeacht mar gheall ar ardú céime.

Bhí 5 seisiún ar leith de Chlár Ionduchtúcháin na Roinne a tugadh in 2018. Leanadh leis go raibh páirt tábhachtach ag seo leis na baill foirne nua ag dul isteach sa Roinn a thacú, go háirithe iadsan atá nua-earcaíochta sa Státseirbhís. Anuas air sin bhí 2 sheisiún ionduchtúcháin le haghaidh baill foirne nua ag dul isteach san IGEES ag leibhéil an OR (AO) agus an POC (AP). Leanadh ar aghaidh leis go bhfuair an Roinn méid millteach mór d'aiseolas deimhneach sa Chlár Ionduchtúcháin.

## 9.4. An Fhorbairt Eagraíochtúil

Leanadh ar aghaidh leis an mbealach chun foghlama eagraíochtúil agus chun forbairt eagraíochtúil a bheith curtha le chéile agus feabhsaithe faoin Straitéis People@PER 2017-2020, ag cur leis an méid a baineadh amach tríd an an Straitéis Foghlama agus Forbartha AD AMHÁIN 2015-2017. Ghlac ceithre chéad is cúig bhall déág foirne páirt i dtionscnamh foirmiúil foghlama agus forbartha amháin nó níos mó in 2018 le 2,621 lá oiliúna fhoirmiúla ar fad ann taifeadta (méadú de 50% ar 2017), le 6 lá oiliúna an don fhostaí ar an meán. Rinneadh aitheantas de cé chomh aibí is atá an fhoghlaim agus an fhorbairt sa Roinn nuair a bronnadh an 'Eagraíocht is Fearr Foghlama agus Forbartha' ag Dámhachtain Náisiúnta Oiliúna 2018 na hInstitiúide Éireannaí den Fhoghlaim agus Forbairt (IITD).

Bhí na hidirghabhálacha foghlama agus forbartha go léir comhlánaithe ag Scéim Oideachais Iar- Iontrála ag tacú le 38 bhall foirne ag dul do chláir acadúla i ndisciplíní éagsúla lena n-áirítear airgeadas, AD, anailís polasaí, léann an dlí, córais faisnéise agus bainistíocht phoiblí.  Is príomhpháirt den oiliúint foirne agus a bproifisiúnú é an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL).  Éascaíodh FGL i ngach rannóg den Roinn le freastal ar sheimineáir, comhdhálacha, cláir ghairide oiliúna phoiblí agus suibscríbhinn do chomhlachtaí gairmiúla a chlúdach.

## 9.5. An Bhainistíocht Chorparáideach

Lean Oifig Chorparáideach na Roinne ar aghaidh ag cur ar fáil tacaíocht chorparáideach don Ard- Rúnaí, an Bord Bainistíochta agus an Roinn níos ginearálta lena n-áirítear riarachán agus próiseáil Ceisteanna Parlaiminte, Iarratais Cosanta Sonraí, Ionstraimí Reachtúla, Meamraim Ríomhsheirbhísí Comh-Aireachta. Comhordaigh sé  cur chuige na Roinne i leith an rialachais, bainistíochta riosca agus na creatlaí comhlíonta a chur i bhfeidhm freisin.

I measc príomh-aschuir in bliain bhí:

- Ullmhú Plean Gnó do 2018 agus 2019 na Roinne agus An Tuarascáil Bhliantúil do 2017;

- Comhordú bhainistíocht leibhéil rioscaí an aonaid ardleibhéil straitéisigh agus gnó sa Roinn agus an ionchuir sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta déanta ag Roinne an Taoisigh;
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú Polasaí agus Gnáthaimh Inmheánacha na Roinne i leith an tSoláthair;
- Leasuithe a chur i bhfeidhm atá déanta de bharr an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an GDPR) agus ceapachán Oifigeach Cosanta Sonraí lánaimseartha don Roinn;
- Aonad Maoirseachta um Chomhlachtaí Corparáideacha a chur ar bun chun cur leis an maoirseacht agus an idirtheagmháil le Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Rialaithe TFC na Roinne maidir leis an taithí a bhí ann ina leith ón am a ndearnadh comhaontas maidir leis; agus
- Grúpa Forfheidhmithe Bainistíochta Eolais a chur i mbun chun maoirseacht a dhéanamh ar leathadh amach de chur chuige níos sistéamaí i leith an Bhainistíocht Eolais sa Roinn.

Lean an tAonad Airgeadais ar aghaidh ag feabhsú an bhainistíocht airgeadais sa Roinn, lena n-áirítear:  Ullmhú do na Cuntais Leithghabhála; Meastacháin bhliantúla na Roinne a chruthú; Tacaíocht ghnó agus comhairle a sholáthar do rannóga na Roinne; Rialachas airgeadais, comhlíonadh agus nósanna imeachta a fheabhsú; agus an Roinn a threorú agus a ullmhú in aistriú go Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais.

Lean Oifig an Aire ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht feidhmeannach don Aire Airgeadais agus don Aire Chaiteachas Phoiblí agus Athchóirithe ina cháilíocht mar ceann polaitíochta ar na Ranna seo, ag cuidiú leis chun a dhualgais mar Aire a chomhlíonadh agus ag déanamh cinnte de go bpróiseáiltear an obair uile de chuid na Ranna lena dteastaíonn aird an Aire go héifeachtach chun an dá Ranna a éascú chun a spriocanna ardleibhéil a bhaint amach.

Leanadh ar aghaidh leis an bPreasoifig ag tabhairt léiriú don fhís, don ráiteas misin, agus do luachanna agus obair an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun dul i gcumarsáid le geallsealbhóirí oiriúnacha i mbealach straitéiseach agus éifeachtach.

## 9.6. Iniúchadh AE agus Inmheánach

Tugann an tAonad Iniúchta AE agus Inmheánaigh seirbhís iniúchta inmheánaigh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais agus is é Údarás Iniúchta Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa d'Éirinn mar a éilíonn rialúcháin an Aontais Eorpaigh.

Tá deich n-iniúchadh inmheánacha don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir lena Chlár Iniúchtaí 2018 curtha i gcrích ag an Aonad Iniúchtóireachta.  D'fhág siad sin go bhfuil moltaí ann chun feabhas a chur le gnéithe éagsúla atá ríthábhachtach don ghnó a bhaineann le próisis na Roinne.    Mar chuid dá chomhaontú maidir le hiniúchadh inmheánach seirbhíse comhroinnte leis an Roinn Airgeadais, chuir an tAonad Iniúchta i gcrích ocht n-iniúchadh inmheánacha maidir lena Chlár Iniúchtaí 2018 agus thuairiscigh sé torthaí do Choiste Iniúchta na Roinne.

## 9.7. Oifig an Phríomhoifigigh Leighis

Chuir an Príomh-Oifigeach Leighis (CMO) seirbhís leighis ceirde éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais chomh maith le comhairle ar pholasaí maidir le cúrsaí sláinte ceirde don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí le linn na bliana.  Ghlac an CMO páirt

mhór i nuashonrúchán leis na cleachtais bainisteoireachta reatha le saoire bhreoiteachta/ saoire bhreoiteachta breithiúnaí / tinrimh, agus thug sé cúnamh leanúnach chomh maith don Ghníomhaireacht um Éileamh ar an Stát.

Chuir an Oifig Suirbhé um Shástacht leis na hAcmhainní Daonna i gcrích san earrach, 2018. As na 104 freagróirí, bhí 87% díobh sásta/ an-sásta le chomh cúirtéiseach agus gairmiúil is a bhí an fhoireann leighis agus banaltrachta agus go raibh 76% de dhaoine ann a raibh sé dóchúil/ an-dóchúil go molfaidís  an Príomh-Oifigeach Leigheas do comhghleacaithe acu in eagraíocht eile.

Chomh maith leis sin, d’éirigh leis an Oifig i nduaiseanna Líonra Riosca na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát agus tháinig sé sa chéad áit i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara sa chatagóir comhoibrithe. Ba mar gheall ar an gclár um fhaireachas ar an éisteacht dá gcuid atá i bhfeidhm le deich mbliana anuas agus lena mbainistítear breis is 1,000 cipíní éisteachta ar bronnadh an duais seo orthu. Áirítear é mar cheann de na cláir faireachais sláinte agus vacsaínithe reachtúla a chuireann an CMO ar siúl lena dtugtar cosaint don tsláinte, lena ndeimhnítear go gcomhlíontar leis an reachtaíocht agus lena dtugtar cosaint don fhostóir ó dhlíthíocht.